



Sonraíochtaí don Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta agus don Scéim Natura 2000

6 Aibreán 2011

Clár

Cuid I Sonraíochtaí don Scéim um Roghanna Comhshaol Talmhaíochta 2011

Bunú Fálta Sceach Nua Breise Error!
Bookmark not defined.

Foinse uisce malartach do bhólacht Error!
Bookmark not defined.

Imill Arúla Arable Error!
Bookmark not defined.

Plandáil Crann Leathanduilleacha

9

Caomhnú Acmhainní Géiniteacha Ainmhithhe (Pórtha Tearca) Error!
Bookmark not defined.

Barrscoitheadh ar Fhálta Sceach 22

Gnáthóga féarthailte nua Error!
Bookmark not defined.

Clúdach Glas a Bhunú ó bharr curtha Error!
Bookmark not defined.

Leagan Fálta Sceach

25

Íos-Chur(Íoschuraíocht) Error!
Bookmark not defined.

Imill Bhruachánacha Error!
Bookmark not defined.

Sciodar a Leathadh (Úsáid Teicneolaíochtaí Nua) Error!
Bookmark not defined.

Féarthailte ar mhórán speiceas Error!
Bookmark not defined.

Cothabháil Fála Cloch Thirm Traidisiúnta Error!
Bookmark not defined.

Móinéar Tirm Traidisiúnta Error!
Bookmark not defined.

Clúdach Éin Fhiáin
Bookmark not defined.

Error!

Part II: Natura 2000

Coinníollacha do láithreáin Natura áirithe

Bratphortaigh, Fraochmhánna, agus Ardfhéarach	40
Dumhcha agus Limistéir Mhachaire	43
Coinníollacha Feirmeoireachta chun SACanna Abhann a Chaomhnú	47
Féaraigh Fhliucha, lena n-áirítear Calaí, Féarach Íseal Fliuch, Eanaigh agus Riasca	48
Gnáthóga Éan Fiáin Tosaíochta (An Rogha Traonaigh)	50

Aguisín 1: Nósanna imeachta Samplála Ithreach

54

Fálta Sceach Nua Breise a Bhunú

Don ghníomh seo ní mór duit fálta sceach nua a phlandáil ar do chuid talún ón liosta thíos. Ní mór an fad líneach (méadar) a bhfuil fút a phlandáil a aithint ar theorann na gceapach LPIS agus a mharcáil ar an léarscáil.

Ní mór fad leanúnach 30 méadar a phlandáil.

200m an fad uasta is féidir a éileamh le haghaidh íocaíochta ar ghabháltas ar bith i rith tréimhse an chonartha.

Ní féidir an gníomh seo a roghnú do dháileachtaí LPIS arna roghnú do Mhóinéar Tirim Traidisiúnta, Tailte Féaraigh ar Mhórán Speiceas, Cumhdach d'Éin Fhiáine, Cumhdach Glas a Bhunú nó Íoschuraíocht.

Riachtanais:

- Ba chóir go dtiocfadh an planda a chuireann tú ó shíol dúchasach de bhunús na hÉireann agus ní mór dó a bheith ar an liosta thíos de Speicis Fálta Sceach Dúchasacha.
- Cuir sa chéad séasúr suanach tar éis cead i scríbhinn a fháil gur glacadh isteach sa scéim tú agus ar chaoi ar bith roimh dheireadh Márta 2012.
- Ní mór 6 phlanda in aghaidh an mhéadair a bheith ann (in dhá líne de 3 phlanda in aghaidh na líne)
- Roghnaigh speicis a oireann don láithreán.
- Ná cuir in aimsir an-fhliuch nó seaca.
- Ní mór fálta sceach nua a chosaint ó ainmhithe ar féarach. Má tá beostoc (eallach ná caoirigh) ar féarach ar an ngabháltas ag am ar bith i rith an chonartha AEOS caithfidh claí a bheith ann.

- Nuair a bhíonn cláí á shuiteáil ní mór dó sonraíochtaí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (S148) a chomhlíonadh.

<http://www.agriculture.gov.ie/media/migration/farmingschemesandpayments/farmbuildings/farmbuildingspecifications/pdfversions/S148March2011.pdf>

- Tá iarchúram ríthábhachtach le go bhfásfaidh an fál sceach nuachurtha go láidir. Gearr siar an sceach gheal tanaí ar an mbarr le go dtiocfaidh fás ón mbonn. Ní mór smacht a choinneáil ar fhéar agus ar fhiailí.
- Déan plandaí nár fhás nó a fuair bás a athsholáthar ag an tráth cuí.

Is an speiceas á roghnú agat, ba chóir duit machnamh a dhéanamh ar cén fáth go bhfuil fál sceach á chur agat. Beidh níos mó fiadhúlra i bhfál ilspeicis agus beidh cuma níos fearr air, ach más mian leat go mbeidh sé stocdhíonach beidh air a bheith comhdhéanta de speicis deilgneacha den chuid is mó – ar a laghad 80%.

De bharr gur féidir le sceach gheal, draighean, caor chon, caorthann, fionncholl, crann silíní fiáin agus crann úll galair a dhéanann dochar do phlandaí timpeall orthu a iompar, tá sé éigeantach go mbeidh táirgeoirí na bplandaí sin cláraithe le Rannóg Sláinte Plandaí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus faoina cigireacht lena chinntiú go mbeidh siad saor ó na galair sin. Le seiceáil an bhfuil do sholáthróir cláraithe i gceart, seol ríomhphost chuig planthealth@agriculture.gov.ie nó glaoigh ar 01-5058885. Níor chóir na plandaí sin a cheannach ach amháin ó tháirgeoirí cláraithe. Nó, mura dtáirgeann do sholáthróir áitiúil na plandaí sin tá sé tábhachtach go bhfaightear iad ó shaothraí cláraithe.

Speicis Fálta Sceach Dúchasacha

Speiceas	Saintréithe	Láithreáin
Draighean nó Airne	Sceach a fhásann go tapa, déanann bacainn stocdhíonach nach féidir a bhriseadh nuair a bhíonn siad fásta. Caitheann sé meatháin fréimhe amach agus ní mór iad sin a bhainistiú go rialta. Planda fíor-mhaith chun bearnaí i bhfálta a líonadh. Tá sé in ann gearradh a sheasamh. Is féidir é a shíolrú ó mheathráin fréamhaithe. Éiríonn sé lom ag an mbonn.	Fásann draighean go han-mhaith ar ithreacha troma agus gainmheacha. Glacann sé le salann, tá sé oiriúnach do shuíomhanna cósta agus oscailte.
Driseacha, sméara dubha	Cuireann driseacha stoc-dhíonadh breise le fálta go minic. Cuireann na bláthanna agus na torthaí bia ar fáil do raon leathan fiadhúlra. Is planda tábhachtach do bheacha in Éirinn í an sméar dhubh. Rachaidh driseacha nach gcoinnítear súil orthu isteach sna páirceanna trí bharrfhréamhú agus mar sin ba chóir smacht a choinneáil orthu.	
Crann Fia-úll	Is féidir fál maith a dhéanamh as crann fia-úll. Is féidir é a bhriseadh beagán níos éasca ná sceach gheal nó draighean. Ba chóir é a mheascadh le speicis eile. Cuireann gnáthóg mhaith ar fáil d'fhiadhúlra agus tá ardluach taitneamhachta leis.	Oiriúnach d'ithir thorthúil le draenáil mhaith, ní fhásfaidh go maith i gcréanna fuara troma. Fásann crann fia-úll anseo is ansiúd i bhfálta sceach agus ba chóir é a fhágáil agus ligean dó dul in aibíocht.
Feirdhris	Bíonn feirdhris agus speicis róis eile atá gaolta léi an-choitianta i bhfálta sceach agus iad ag fás idir chrainn agus sceacha. Tá ardluach taitneamhachta ag na bláthanna agus na torthaí (mogóirí) agus is foinse tábhachtach bia don fhiadhúlra iad. Ba chóir iad a choinneáil sa chás go bhfuil siad ann.	
Crann Troim	Crann beag fadharcánach gioblach atá coitianta i bhfálta sceach. Coirt chorcúil liath agus géaga ina bhfuil laíon bog. Bíonn bláthanna bána ann ar dtús agus cnuasaigh de thorthaí corcra ina dhiaidh sin. Cuireann na bláthanna agus na torthaí bia ar fáil do raon leathan speiceas fiadhúlra.	
Leamhán	Crann dúchasach annamh anois é an leamhán sléibhe nach bhfaightear ach i ngleanna sléibhe san Iarthuaisceart. Tugadh an leamhán Sasanach isteach arís i ré na Normannach. Níor éirigh an leamhán chomh tábhachtach i bhfálta sceach anseo is ar éirigh i Sasana, áfach. Cuireadh ar dtús é mar chrann fearann páirce ornáideach. D'ainneoin an dochar a dhéanann an galar Dúitseach leamhán, feictear go minic é i bhfálta sceach mar mheatháin ach is féidir leis an ngalar úd é iad a mharú ar deireadh. Ba chóir é a choinneáil sa chás go bhfuil sé ann.	

Aiteann	Fairsing in áiteanna tirime in Éirinn. Ní dhéanann bacainn stocdhíonach maith leis féin. Ba chóir é a ghearradh siar nuair a éiríonn sé tanaí ag an mbonn. Níor chóir aiteann a chur ach a dhiogáil go deireanach sa Gheimhreadh.	Éiríonn go maith le haiteann in ithir neamhbhunmhar. Fásfaidh sé in áiteanna thar a bheith tirim agus oscailte nach féidir le speicis eile maireachtáil iontu. Tá sé in ann salann a sheasamh agus tá sé oiriúnach d'áiteanna cósta agus oscailte.
An Chaor Chon	Fál sceach álainn a bhfuil ardluach taitneamhachta ag baint leis. Tor mór bríomhar le duilleoga liopacha ar nós na mailpe a dtagann dath deas orthu sa bhFómhar. Tar éis imeacht na mbláthanna bána a thagann amach i míonna an Mheithimh agus lúil tagann torthaí ar dhath cródhearg uirthi agus itheann na héin na torthaí sin.	
Crann Coill	Tá an Crann Coill thar a bheith oiriúnach do bharrscoitheadh agus do leagan. Tá ardluach taitneamhachta agus fiadhúlra ag gabháil leis: Luath-fhoirse tábhachtach pailine do bheacha. Is féidir go leor úsáidí a bhaint as na gais barrscoite.	Déanann an Crann Coill go maith ar dhúrabhán agus in ithir aigéadach éadrom. Ní fhásann sé go maith i dtalamh fliuch. Rogha maith d'ithreacha aolchloiche shaorshilteach.

Eidhneán	<p>Is planda dúchasach síorghlas é an tEidhneán ar a bhfuil ardluach fiadhúlra: cuireann sé gnáthóg ar fáil d'feithidí agus áit neadú ar fáil d'éin. Bíonn sé faoi bhláth i ndeireadh an Fómhair agus is é an planda pailine agus neachtair is tábhachtaí atá ar fáil d'fheithidí i ndeireadh an tséasúir. Itheann na héin agus mamaigh bheaga, go háirithe na cait chrainn na torthaí dubha a bhíonn aibí san earrach. Ní planda seadánach é an tEidhneán: Tugann na fréamhacha beaga a chuireann na meatháin a bhíonn ag dreapadh amach bonn taca don phlanda: níl aon chumhachtaí polltach acu. Téann an tEidhneán i bhfostú ar chrainn, ach ní thógann sé cothú óna crainn, agus is planda tánaisteach a bheidh ann an t-achar is a bheidh na crainn i ndea-shláinte agus cé go bhfuil sé ag dreapadh suas ar stoc an chrainn agus ar na craobhacha níl sé in ann aon dochar a dhéanamh. Sa chás go loiceann an crann ar chúis ar bith agus nach dtagann duilleoga air ansin glacfaidh an tEidhneán seilbh ar an gcrann mar a fheictear go minic ar an gcrann leamháin a bhfuil an Galar Dúitseach Leamhán air.</p> <p>Ba chóir bainistiú a dhéanamh ar an Eidhneán san áit a bhfuil gá leis sin. D'fhéadfaí scaoileadh le hEidhneán fás ar roinnt crainn laistigh d'fhál sceach ach é a choinneáil faoi smacht ar chrainn eile nó deis a thabhairt dó leanúint ar aghaidh ag fás ar feadh roinnt blianta agus é a ghearradh siar nuair a éiríonn an fás ró-throm. Níl aon dochar san Eidhneán ar bhallaí atá go maith agus fiú d'fhéadfadh sé a bheith mar bhuntáiste trína gcoinneáil tirim sa gheimhreadh agus fionnuar sa samhradh. Má éiríonn an tEidhneán ró-trom ar bharr ballaí atá an-lag, d'fhéadfadh sé an balla a tharraingt anuas aimsir shneachta nó le linn báistí trom nó d'fhéadfadh gaoth láidir an balla a tharraingt anuas. Faigheann bearradh réidh leis an fhadhb sin agus d'fhéadfaí cur le saolré go leor ballaí má bhainistítear an clúdach Eidhneáin go maith. Bá chóir an tEidhneán atá ag fás ar bhallaí a ghearradh i ndeireadh an Earraigh. Is féidir an tEidhneán a bhaint de chrainn agus de bhallaí ar fad, má tá gá leis, tríd an ngas a ghearradh díreach os cionn leibhéal na talún agus an dara gearradh a dhéanamh 10cm ar a laghad os cionn an chéad gearradh. Ba chóir fáil réidh leis an bpíosa den ghas atá gearrtha.</p>	
Cuileann	<p>Planda síorghlas a fhásann go mall le hardluach taitneamhachta. Déanann siad bacainn stocdhíonach atá láidir. Planda maith le fáil a líonadh suas. D'fhéadfadh an sioc damáiste a dhéanamh dó.</p>	<p>Fásfaidh an Cuileann in ithir chréúil, i ngaineamh agus i ngairbhéal. Déanann sé go maith in áiteanna foscúla. Ní fhásfaidh sé in áiteanna atá fliuch. Chun go dtiocfaidh caora air ní mór planda fireann agus baineann a chur.</p>

Crann feorais	Tor bríomhar fáil sceach le gas glas, a dhéanann crann beag uaireanta. Tá adhmaid an chrainn seo an-chrua agus bhaintí úsáid as san am a caitheadh le scibhéir adhmaid agus le pionnaí éadaigh a dhéanamh. Leanann capsúil bheaga dhearga síl ar a bhfuil 4-liopa na bláthanna beaga scothghlasa: Tá an Fheorais ina thor atá thar a bheith álainn sa gheimhreadh.	
Sceach Gheal	Planda fáil dúchasach, uileláithreach atá láidir, cruath agus a fhásann go tapa. Seasann sí gearradh cruath agus leagan. Cuireann sí amach éagsúlacht mhór dathanna le linn di a bheith faoi bhláth. Soláthraíonn sí foinse thábhachtach pailine agus neachtair d'inveirteabraigh; planda mór foráiste don bheach.	Oiriúnach in go leor cineálacha ithreacha seachas ithir atá an-fhliuch. Ní éiríonn go maith léi in áiteanna arda. Soghabhálach don ghalar Smol Dóite; níor chóir í a chur in aice le plandlanna chrann/toir nó in aice le húlloird tráchtála.
Saileach	Crann dúchasach í an tSaileach, agus fásann an líon mór speiceas gan stró. Fásann an crann seo go tapa, agus cuireann adhmaid trom ar fáil. Cuireann an planda é féin in oiriúint do leagan. Níl aon mhaith le saileach le fáilta sceach stocdhíonach a dhéanamh agus fós tá ardluach fiadhúlra agus taitneamhachta ag gabháil léi. Tá na bláthanna fireann, caitíní, mar luath-fhoinsé pailine do bheacha.	Úsáideach in áiteanna atá fliuch áit a bhfuil teorainn le rogha speiceas. Tá sí in ann tuilte a sheasamh. Is féidir í a fhás ó mheatháin fréamhach.
Féithleann	Is tor a dhreapann é an Féithleann agus a fhásann i measc crainn agus tóir i bhfál sceach. Tá ardluach taitneamhachta air. Cuireann na bláthanna cumhra neachtar agus pailin ar fáil d'fheithidí agus leanann caora dearga na bláthanna sin a itheann na héin.	

Foinsí Uisce Eile do Bhólacht

Níor chóir go mbeadh rochtain ag eallach (bólacht) ar aon sruthchúrsa ar an fheirm. Ní mór duit soláthar eile uisce agus trachanna ólacháin a sholáthar (glacfar le caidél sróine).

Is féidir éileamh íocaíochta a dhéanamh i leith uasuimhir de 10 dtrach ólacháin thar thréimhse an chonartha.

Chun críche an ghnímh seo, sainmhínítear sruthchúrsa mar aon sruthchúrsa atá léirithe ar an léarscáil OSI. Ní mór láthair agus líon na dtrachanna a mharcáil ar an léarscáil.

Ceanglais:

- Ní mór go mbeidh sruthchúrsa nó sruthchúrsaí OSI ar an talamh.
- Ní mór gach sruthchúrsa a bheith fálaithe.
- Ní mór go mbeidh fiontar eallach ar an ngabháltas.
- Níor chóir rochtain a thabhairt d'eallach ar aon sruthchúrsa ar an fheirm.
- Ní mór trachanna ólacháin a chur ar fáil d'ainmhithe atá ag innilt i bpáirceanna cóngarach don sruthchúrsa(i) atá i gceist.
- Ní mór trach amháin ar a laghad in aghaidh na páirce nó an chip a sholáthar. Féadfar trachanna uisce a chur i bpáirceanna, áfach, nach bhfuil cóngarach don sruthchúrsa ach a d'fhreastalaíodh roimhe seo ar ainmhithe a bhíodh ag dul chuig an sruthchúrsa.
- Ní mór trachanna uisce a bheith 5cm ar a laghad ó shruthchúrsaí.
- Ní mór go mbeidh sruthchúrsaí fálaithe chun sástachta sonraíochta 'S148' na Roinne agus na trachanna agus a soláthar uisce a bheith suiteáilte faoin 1 Meitheamh tar éis tús a chur leis an gconradh.
- Ní mór an fálú, trachanna agus soláthar uisce a choinneáil san áit ina bhfuil siad agus ní mór iad a choimeád i gcaoi mhaith le linn thréimhse an chonartha.

Imill Arúla

Ar mhaithe leis an nGníomh seo, ní mór duit imeall 3 mhéadar ar leithead a choimeád feadh achar iomlán teorainn nó teorainneacha na dáileachta LPIS. Ní mór duit an limistéar ina bhfuil tú á dhéanamh sin a mharcáil ar an léarscáil.

Ní féidir an gníomh seo a roghnú do dháileachtaí LPIS atá roghnaithe do Mhóinéar Tirim Traidisiúnta, Tailte Féaraigh ar Mhórán Speiceas, Clúdach d'Éin Fhiáine, Clúdach Glas a Bhunú nó Íoschuraíocht.

Ní féidir le feirmeoirí a dhéanann iarratas ar mhaolú Níotráite nó ar an Scéim d'Fheirmeoireacht Orgánach iarratas a dhéanamh ar an ngníomh seo.

Ceanglais:

- Féadfar imeall 3 mhéadar ar leithead a bhunú trí dheis a thabhairt d'athghiniúint nádúrtha nó trí imeall garbh féir a bhunú.
- Ní mór na himill a choimeád le linn tréimhse an chonartha.
- Ní féidir tabhairt faoi aon saothrú ithreach laistigh den imeall nuair a bheidh sé bunaithe.
- Ní mór an t-imeall a bhaint uair sa bhliain ar a laghad – ach níor chóir é a dhéanamh roimh 15 Lúnasa – agus an barr féir a thabhairt chun bealaigh. Nó, féadfar innilt éadrom a dhéanamh ar na himill tar éis an 15 Lúnasa.
- Ní fhéadfar lotnaidicídí (lena n-áirítear luibhicíd, feithidicídí, fungaicídí, millíní seilide agus rialaitheoirí fáis) a chur amach ar na himill pháirce seachas spot-spraeáil a dhéanamh ar shalachar díobhálach.
- Ní féidir leasacháin ceimiceacha agus/nó orgánacha a chur ar na himill.

Plandáil Crann Leathanduilleach

Ní mór duit crainn a phlandáil don ghníomh seo ón liosta thíos. Ní mór duit speiceas agus láithreacha plandála oiriúnacha a roghnú agus ní mór an ithir a ullmhú i gceart. Tá rogha speiceas oiriúnach, láithreacha plandála agus ullmhú ithreach ríthábhachtach le go bhfásfadh crainn go rathúil.

Ní mór íoslíon de 10 gcrann a chur agus is 25 crann an t-uaslíon crann is féidir íocaíocht a éileamh ina leith le linn tréimhse an chonartha.

Ní féidir an gníomh seo a roghnú do dháileachtaí LPIS atá roghnaithe do Mhóinéar Tirim Traidisiúnta, Tailte Féaraigh ar Mhórán Speiceas, Clúdach d'Éin Fhiáine, Clúdach Glas a Bhunú nó Íoschuraíocht.

Ní mór an phlandáil a dhéanamh laistigh d'uimhir LPIS. Ní mór duit an láthair agus an líon crainn atá le plandáil a mharcáil ar an léarscáil. Ní mór an phlandáil ar fad a dhéanamh le linn an chéad séasúr suanach tar éis duit cead a fháil i scríbhinn gur glacadh leat ar an scéim agus roimh an 31 Márta 2012 i ngach cás. Ní féidir crainn a phlandáil i bhfálta sceach nua atá á réiteach don ghníomh Fálta Sceach Nua Bhreise a Chur.

Ceanglais:

Ní mór tabhairt faoi phlandáil chrainn mar a leanas:

Láthair: Ní mór crainn a phlandáil i láithreacha oiriúnacha. Breithnigh roinnt grúpaí crann a phlandáil ag pointe trasnaithe na gceap. Ní chuirfidh crainn a phlandáiltear sna páirceanna cóngaracha sin isteach an oiread sin ar do chuid gníomhaíochta feirmeoireachta agus soláthróidh siad uasluach fiadhúlra agus tírdhreacha nuair a bhíonn siad aibí.

Cad ba chóir a phlandáil: Ar an bpointe is a bhíonn na láithreacha plandála roghnaithe, ba chóir na speiceas crann is oiriúnaí a roghnú ón liosta.

- Ní mór tosaíocht a thabhairt d'úsáid speiceas dúchasach ar mhaithe le cur an méid is féidir le hacmhainní géiniteacha na hÉireann a chaomhnú.
- Plandáil speiceas ón liosta a chuirfidh leis na speicis atá ag fás ar an talamh cheana féin.
- Breithnigh coinníollacha fisiciúla gach aon láthair, m.sh., cineál na hithreach, draenáil, nochtadh, srl, agus roghnaigh speiceas a dtiocfaidh rath orthu sna

cineálacha sin láithreacha. Cuimhnigh go bhfuil speiceas crann amuigh ansin a n-éireoidh go maith leis ar an gcuid is mó de láithreacha.

- Ní mór spás de 6m ar a laghad a fhágáil idir na crainn. Ba chóir an t-achar plandála a bhreithniú i gcomhthéacs airde iomlán an chrainn agus é fásta, agus spás leordhóthanach a fhágáil ag an gcrann le fás agus le forbairt go nádúrtha.
- Roghnaigh speiceas a théann le húsáid agus le méid gach aon láthair. Breithnigh airde iomlán an chrainn nuair a bheith sé lánfhásta.
- Ná plandáil laistigh de 10 méadar de shreanga lastuas.
- Seachnaítear láithreacha atá cóngarach do línte iarnróid nó ró-ghar d'fhoirgnimh srl.

Fálú: Sá chás go bhfuil crainn plandáilte i ngrúpa ní mór an stoc a choinneáil amach go hiomlán ó na plandálacha nua. Ba chóir crainn aonair a chosaint ar ainmhithe atá ag innilt. Ní mór go dtiocfadh an fálú ar fad le sonraíochtaí Fálaithe 'S148' na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

Shrianadh Fiaíilí: Tá sé ríthábhachtach an fás ó thaobh an fhéir agus na bhfiaíilí a shrianadh timpeall crainn óg nó go mbeidh fréamhacha curtha amach acu. Is féidir féar agus fiaíilí a shrianadh trína satailt/gearradh nó trí luibhicídí nó móta oiriúnach a úsáid.

Plandáil: Ba chóir crainn fréamhloma a phlandáil le linn an tséasúir shuanaigh, deireadh mí Deireadh Fómhair – deireadh an Mhárta de ghnáth ach níor chóir an phlandáil a dhéanamh nuair atá an talamh reoite nó báite.

Ba chóir crainn nua a chur in áit na gcrann a loiceann.

Is féidir eolas breise a fháil ar an láithreán gréasáin <http://www.enfo.ie/>.

Cé chomh mór is a bheidh an crann atá le plandáil:

Déanann an gníomh seo soláthar do dhá chineál crann a phlandáil. Beidh ar do chumas meascán den dá chineál a phlandáil más mian leat. Tá an dá chineál costáilte ar leithligh.

Crann Lánairde:

Tá na crainn seo 2 mhéadar ar a laghad ar airde le himlíne gais de thart ar 6–10 cm. Ní mór iad a phlandáil sa séasúr suanach. Beidh gá le cuaille láidir agus ceangal oiriúnach le haghaidh taca a chur le gach aon chrann nó go bhfaigheann an crann greim.

Athphlandáil nó Buinneán:

Bíonn an cineál seo crainn fréamhlom, níos óige agus níos lú go ginearálta. Ba chóir go mbeadh na hathphlanduithe fréamhloma seo thart ar 1,000–1,200mm ar a laghad (buinneáin láidre) le córas maith fréamh shnáithíneach. Is ionann buinneán agus

athphlandáil, fréamhlom de ghnáth, nach dteastaíonn cuaille uaidh de ghnáth nuair a phlandáiltear é.

Ba chóir iad a phlandáil 3m ar a laghad ó chéile.

Ní mór íoslíon de 25 buinneán a phlandáil agus is 50 an t-uaslíon a fhéadfar éileamh íocaíochta a dhéanamh ina leith.

D'fhéadfadh an sceach gheal/draighean, an chaor chon, an crann caorthainn, an fionncholl, an crann silíní fiáin agus crainn úll a bheith ina n-íompróirí galair atá dochrach do phlandaí sa chomhshaol i gcoitinne, tá sé éigeantach go mbeidh táirgeoirí na bplandaí sin cláraithe agus go ndéanann Rannán Gairneoireachta agus Sláinte Plandaí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) cigireacht orthu chun a chinntiú go bhfuil siad saor ó ghalair. Le seiceáil an bhfuil do sholáthróir cláraithe i gceart, seol ríomhphost chuig planthealth@agriculture.gov.ie nó glaoigh ar 01-5058885. Níor chóir na plandaí sin a cheannach ach amháin ó tháirgeoirí cláraithe. Nó, mura dtáirgeann do sholáthróir áitiúil na plandaí sin tá sé tábhachtach go bhfaightear iad ó shaothraí cláraithe.

CRAINN LEATHANDUILLEACHA DÚCHASACHA

SPEICEAS	AN LÁTHAIR IS FEARR	SAINTRÉITHE	EOLAS BREISE
An Fhearnóg	Tá an Fhearnóg choiteann ina speiceas atá thar a cruá agus a oireann do láithreacha atá fliuch. Speiceas maith fiadhúlra	Crann a fhásann go tapa agus crann fosaithe nítrigine. Crann leathanduilleach a oireann fiú sna láithreacha is fliche.	Mion speiceas foraoise. Is crann dúchasach í an Fhearnóg Choiteann. Barrscoitheadh éasca agus is féidir í a úsáid i meascáin ar láithreacha le hithir atá an-bhocht. Crann a thugann foscadh maith.
An Fhuinseog	Speiceas a éilíonn coinníollacha maithe de chineál agus riocht na hithreach, le foscadh más féidir sin, is fearr dúrabhán saibhir atá tais agus draenáilte go maith.	Speiceas a fhásann go tapa.	Mór-speiceas foraoise. Crann Dúchasach.
Beith	Speiceas ceannródaíoch a oireann ithir agus móin atá an-aigéadach.	Speiceas cruá a fhásann go tapa, agus atá in ann nochtadh agus sioc a sheasamh go maith. Úsáideach mar bharr chumhdaigh i meascáin ach ní mór í a choinneáil srianta nó plúchfaidh sí speiceas crann nach bhfásann chomh tapa sin.	Crann beag atá an-deas. Mion speiceas foraoise. Crann Dúchasach. Barrscoitheadh crann óg éasca. Is féidir í a úsáid chun cur leis an ithir. Is féidir í a meascadh isteach i measc criosanna foscaidh.

An Sceach Gheal	An chuid is mó d'ithreacha saorshilteacha atá saibhir	Fástar í mar chrann d'fhál sceach don chuid is mó. Crann atá an-deas má fhástar í mar chrann lánairde.	Crann ó imeall na coillearnaí. Crann maith le meascadh isteach le speiceas eile. Spéisiúil ó thaobh a cuma, bláth, duilleog agus torthaí.
An Dair Choitianta	Dúrabhán atá domhain, saibhir agus aeraithe go maith. Déanfaidh sí go maith in ithreacha atá níos troime.	Crann a fhásann go mall agus a mhaireann ar feadh blianta fada.	Mór-speiceas foraoise. Ceann dár bhfórbheagán crainn leathanduilleacha dúchasach. Ardluach taitneamhachta agus fiadhúlra.
An Crann Caorthainn	Oiriúnach do láithreacha aigéadach ar thalamh íseal agus ar chnoic. Beidh sé in ann fiú ithreacha alcaileacha a sheasamh.	Crann atá crua agus a oireann do láithreacha atá nochta. Úsáidtear go forleathan é ar mhaithe le taitneamhacht.	Mion speiceas foraoise. Crann Dúchasach. Cuireann sé tacaíocht mhaith ar fáil d'fhiadhúlra.
An Dair Ghaelach	Tá sí in ann ithreacha níos éadroime agus níos uigí a sheasamh nó mar atá an <i>Q. robur</i>	Ní chuirfidh an Dair adhmaid maith ar fáil ar ithreacha atá ró-dhraenálte nó gainmheach.	Mór-speiceas foraoise. Crann Dúchasach Éireannach. Ainmnithe anois mar chrann náisiúnta na hÉireann.
An Fionncholl	An chuid is mó d'ithreacha saibhre, mianrach.	Crann deas taitneamhachta, oiriúnach freisin le foscadh a thabhairt.	Mion speiceas foraoise. Crann Dúchasach. Tá sé in ann láithreacha nochta agus le cósta a sheasamh.

<p>An Crann Silíní Fiáin</p>	<p>Ithreacha mianracha, doimhneacha, atá saibhir agus draenáilte go maith. Is fearr leis ithreacha atá beagán aigéadach ach déanfaidh sé go maith i ndúrabhán domhain os cionn aolchloch.</p>	<p>Crann a fhásann go tapa, a dteastaíonn solas uaidh agus neart spáis. An t-aon chrann leathanduilleach tráchtála le bláthanna deasa.</p>	<p>Mór-speiceas foraoise. Crann Dúchasach. D'fhéadfadh cancar baictéarach agus ionsaí aifide cur as dó.</p>
<p>Saileach</p>	<p>Speiceas úsáideach do láithreacha fliucha agus le taobh srutha</p>	<p>Crann a fhásann go tapa, úsáideach ar mhaithe le caomhnú agus le haghaidh taitneamhachta agus is annamh a úsáidtear í le haghaidh adhmaid a chur ar fáil. Is féidir úsáid a bhaint as an tsail ar go leor bealaí mar chóras crios foscaidh.</p>	<p>Mion speiceas foraoise. Crann Dúchasach.</p> <p>Crann deas nuair a fhástar í mar chrann caighdeánach.</p>

Caomhnú Acmhainní Géiniteacha Ainmhithe (Pórtha Tearca)

Má tá tú ag tógáil ainmnithe den speiceas seo a leanas is féidir leat an gníomh seo a roghnú:

Is ionann agus 10 an t-uaslíon aonad beostoic ar féidir éileamh a dhéanamh ina leith ar mhaithe le híocaíocht bhliantúil.

Eallach:

Bollatach (Ciarraí)

Bollatach

Maol Éireannach (nó an Bhó Mhaol)

Capaill agus Capaillíní:

Capaillín Chonamara

Capall Tarraingthe Éireannach

Capaillín Portaigh Chiarraí

Caoirigh:

Gaillimh

Déanfar íocaíocht in aghaidh an meánaonaid beostoic (LU) d'ainmhithe cláraithe in aghaidh na bliana.

Ríomhtar aonaid beostoic lena mbreithniú d'íocaíocht mar a leanas:

Eallach – faoi 6 mhí	0.4 LU
Eallach 6 mhí suas go dtí 2 bhliain	0.6 LU
Eallach os cionn 2 bhliain (lena n-áirítear ba)	1.0 LU
Eachaí os cionn 6 mhí d'aois	1.0 LU
Caoirigh (+/- le huain)	0.15 LU
Uan Caorach (6 mhí-1 bhliain amháin d'aois a bhfuil sé i gceist í a choinneáil/coinnithe ar mhaithe le pórú.	0.10 LU
Reithe	0.15 LU

Beidh feidhm le coibhéis na n-aonad beostoic thuas nuair a choinnítear an t-ainmhí ar feadh bliain iomlán.

Déanfar íocaíocht faoin ngníomh seo ag deireadh na bliana taifeadta bunaithe ar an meán in aghaidh na míosa thar an mbliain taifeadta. Ní mór taifid mhíosúla a choinneáil ar an mbealach atá leagtha síos ar an mBileog Taifeadta do Phórtha Tearca.

Ceanglais Ghinearálta:

Ní mór duit a bheith i do chomhalta de chumann póir ceadaithe agus ní mór leanúint le bheith i do chomhalta den chumann póir ar feadh tréimhse an chonartha.

Ní mór duit taifead míosúil atá cothrom le dáta a choinneáil maidir leis na hainmhithe cláraithe atá faoi do chuid úinéireachta ar an ngabháltas agus cóip de sin a sheoladh isteach in éineacht le d'éileamh i leith íocaíochta.

Ní mór an sliocht baineann ar fad ó chúpláil folaíochta a bheith cláraithe leis an gcumann póir ábhartha.

Ní mór breith gach lao fireann ó chúpláil folaíochta a chur in iúl agus/nó a chlárú (de réir mar is iomchuí) leis an gcumann póir ábhartha. Ní mór gach uan agus searrach fireann a chlárú leis an gcumann póir ábhartha.

Chun cáiliú don íocaíocht ní mór go mbeadh sliocht cláraithe ag ainmhí baineann lánfhásta uair amháin ar a laghad sa dá bhliain atá caite.

Ní mór go mbeidh na hainmhithe ar fad atá incháilithe ar íocaíocht a bheith le sainaitheint go soiléir ar an Bhileog Taifeadta do Phórtha Tearca.

Doiciméid atá riachtanach nuair atá tú déanamh iarratas ar íocaíocht:

Ní mór duit fianaise a sholáthar i ndáil le fógra cláraithe/breithe, mar is iomchuí, agus sainaitheint an ainmhí ar a bhfuil tú ag éileamh íocaíocht ina leith;

Ní mór duit dearbhú a thabhairt maidir leis an meán-aonad incháilithe beostoic ar a bhfuil íocaíocht a éileamh agat ina leith trí chóip de na Taifid do Phórtha Tearca comhlánaithe agus aon chruthúnas doiciméadach eile a sheoladh isteach de réir mar a bheidh sin ag teastáil ón Roinn ar mhaithe le bunús a thabhairt i ndáil le d'éileamh íocaíochta.

Ceanglais maidir leis na cineálacha difriúla ainmhithe:

Eallach

Breithneofar gach ainmhí baineann faoi 2 bhliain d'aois i leith íocaíochta.

Ní mór bó (os cionn 2 bhliain d'aois) a chúpláil le tarbh folaíochta den phóir chéanna ag gach aon chúpláil agus ní mór go mbeadh sliocht ag an mbó sin uair amháin ar a laghad sa 2 bhliain atá caite chun cáiliú d'íocaíocht

Breithneofar gach ainmhí fireann níos lú ná 3 bliana d'aois i leith íocaíochta.

Breithneofar tairbh atá níos mó ná 3 bliana d'aois suas go dtí uasmhéid de 1 tarbh in aghaidh 5 bhó i leith íocaíochta.

Capaill agus Capaillíní:

Ní mór go mbeidh pas ag gach capall agus capaillín (is ceanglas dlíthiúil atá anseo). Breithneofar gach ainmhí baineann agus fireann atá cláraithe agus atá idir 6 mhí go dtí 3 bliana d'aois ó thaobh íocaíochta.

Ní mór láir (os cionn 3 bliana d'aois) a chúpláil le stail folaíochta den phóir chéanna ag gach aon chúpláil agus ní mór go mbeidh sliocht cláraithe ag an láir sin uair amháin ar a laghad sa 2 bhliain atá caite chun cáiliú d'íocaíocht.

Breithneofar gach stail phóraithe os cionn trí bliana d'aois i leith íocaíochta.

Caoirigh

Breithneofar gach caora bhaineann idir 6 mhí agus aon bhliain amháin d'aois i leith íocaíochta.

Ní mór caora lánfhásta (os cionn 1 bhliain d'aois) a chúpláil le reithe folaíochta den phóir chéanna ag gach aon chúpláil agus ní mór go mbeidh sliocht cláraithe ag an ainmhí sin uair amháin ar a laghad sa 2 bhliain atá caite chun cáiliú d'íocaíocht.

Ní bheidh ainmhithe fireann faoi 1 bhliain d'aois incháilithe i leith íocaíochta

Breithneofar ainmhithe fireann os cionn 1 bhliain d'aois i leith íocaíochta suas go dtí uasmhéid de 1 reithe amháin in aghaidh 5 chaora lánfhásta.

Cumainn Phóir:

Cumann Eallaigh Chiarraí Teoranta

Ms Raymonde Hilliard,

Rúnaí,

Cahernane,

Cill Airne,

Co. Chiarraí.

064 31840

ríomhphost: secretary@kerrycattle.ie

Gréasán: www.kerrycattle.ie

UK Dexter Cattle Society

Mrs Yvonne Froehlich,

An Rúnaí

Dexter Cattle Society,

Urlár 1

RASE Offices

Stoneleigh Park

Warks

CV8 2LZ

Teil: 02476 692300

ríomhphost:

secretary@dextercattle.co.uk

Gréasán:

www.dextercattlesociety.co.uk

Cumann Bó Mhaol na hÉireann

Ms Jane Light,

Rúnaí,

Cumann Bó Mhaol na hÉireann

7 The Terrace

Martinstown

Dorchester

Dorset

DT2 9JY

0044 1305 889828

ríomhphost: mjlight@bun.com

Gréasán: www.irishmoiledcattlesociety.com

Cumann Tógála Caorach na Gaillimhe

An tUasal Tom Murphy,

Rúnaí Cúnta,

Shrilea

An Chríoch

Contae na Gaillimhe

090 9644233

ríomhphost: teamurphy@eircom.net

Cumann Lucht Chapaillíní Chonamara

Ms Niamh Philbin,

Rúnaí,

Na Páirceanna Taispeána,

An Clochán,

Contae na Gaillimhe

095-21863

ríomhphost: enquiries@cpbs.ie

Gréasán: www.cpbs.ie

Bord na gCapall

Beech House

Páirc na Mílaoise

Baile Osbeirn

An Nás,

Co. Chill Dara

ríomhphost: ihb@ihb.ie

Gréasán: www.irishhorseboard.com

**Comharchumann Chapaillíní Portaigh
Chiarraí Teoranta**

Ms Sineád Byrne,

An Rúnaí

Comharchumann Chapaillíní Portaigh Chiarraí
Teoranta

Teach Carrickleas

Bóthar Cheatharlach

Cill Chuillinn

Co. Chill Dara

ríomhphost: info@kerrybogpony.ie

Gréasán: www.kerrybogpony.ie

Caomhnú Acmhainní Géiniteacha Ainmhithe

Bileog Thaifid do Phórtha Tearca

	Uimhir aitheantais don sliocht atá i gceist				
Uimhir aitheantais an phóraitheora baineann	Céim 1	Céim 2	Céim 3	Céim 4	Céim 5

Cineál Ainmhithe/mí (tús le cur leis an gcéad cholún an mhí a dtosaíonn an conradh)	Líon ainmhithe ag deireadh gach mí den bhliain féilire														
	E	F	M	A	B	M	I	L	M	D	S	N	M	A	AB Iomlán
Bó-Ainmhithe															
Eallach < faoi 6 mhí															
Eallach 6 mhí-2 bhliain															
Baineannach Pórúcháin > 2 bhliain (féach fonóta 2)															
Fireannaigh >2< 3 bliana															
Tairbh > 3 bliana (féach fonóta 3)															
Eachaí:															
Fireannaigh agus Baineannaigh > 6 mhí—< 3 bliana.															

Baineannaigh phórúcháin > 3 bliana (féach fonóta 2)																		
Stail > 3 bliana (féach fonóta 3)																		
(Cineál) Caorach:																		
Baineannaigh 6 mhí - 1 bliain. (i gceist iad a choinneáil/coinnithe le haghaidh póru).																		
Baineannaigh phórúcháin > 1 bhliain. (féach fonóta 2)																		
Reithe > 1 bliana (féach fonóta 3)																		
Líon AB iomlán i leith íocaíochta																		

1. Tá coibhéisigh tiontaithe AB do na cineálacha stoic éagsúla curtha ar fáil sa téacs thuas.
2. Níor mhór go mbeadh sliocht táirgthe uair amháin ar a laghad ag ainmhithe baineannacha pórucháin san dá bhliain taifeadta roimhe.
3. Firinneacha lánfhásta: Áirigh ar a mhéid de 1 tarbh in aghaidh 5 bhó: 1 reithe in aghaidh 5 chaora (ní cháilíonn caoirigh fhireannacha < aon bhliain): is féidir gach stail a áireamh.

Tabhair ar aird: I gcás eachaithe, áirítear an lá breithe de réir Eanáir 1.

Tabhair ar aird: Má tá breis agus 8 mBaineannach Pórucháin le liosta, bain úsáid as leathanach ar leithligh agus cuir i gceangal leis an leathán taifead bliantúil.

Barrscoitheadh ar Fhálta Sceach

Is féidir leat an gníomh seo a roghnú má tá fálta sceach teorainn páirce agat atá oiriúnach, sean agus a bhfuil faillí déanta orthu. Is ionann barrscoitheadh agus bealach le fálta sceach a athnuachan nuair a ghearrtar siar gais na gcrann 10cm ó leibhéal na talún. Fásfaidh na bachlóga suanacha ar na stumpaí atá gearrtha agus tiocfaidh an fál sceiche chuige féin arís. Ní mór an fad líneach (méadar) a bhfuil fút a phlandáil a aithint ar theorainn na gceap LPIS agus iad a mharcáil ar an léarscáil.

Ceanglais:

Ní mór fad leanúnach de 30 méadar ar a laghad a bharrscoitheadh.

Féadfar uasmhéid de 1,500 méadar a phleanáil lena mbarrscoitheadh thar thréimhse 5 bliana an chonartha.

Féadfar tabhairt faoin mbarrscoitheadh le sábh slabhrach nó le sábh ciorclach go bliantúil idir 1 Meán Fómhair agus 1 Márta.

Ní mór duit barrscoitheadh a dhéanamh ar an gcúigiú cuid ar a laghad agus ar achar nach bhfuil níos mó ná aon cheathrú d'achar iomlán an fháil sceiche atá roghnaithe i d'iarratas.

Ní mór an fás nua a éiríonn os cionn talún a chosaint nó go mbeidh greim faighte aige.

Ní oireann a bharrscoitheadh ach speiceas leathanduilleach amháin, de ghnáth ní fhásann buaircínigh ar ais ó stumpaí gearrtha.

Áirítear i measc speiceas a dtiocfaidh athghiniúint orthu nuair atá barrscoitheadh déanta orthu:

An Fhearnóg	An Sceach Gheal	An Dair	Seiceamair
An Fhuinseog	An Crann Coill	An Phoibleog	Saileach
An Bheith	Cuileann	An Castán	

Gnáthóga Tailte Féaraigh Nua

Ar mhaithe leis an ngníomh seo ar dháileachtaí talamh féaraigh, ní mór duit imeall fálaithe 2.5 méadar ar leithead a bhunú agus a choimeád feadh achar iomlán teorainn nó teorainneacha na dáileachta LPIS. Ní mór go mbeidh an t-imeall bunaithe agus fálaithe de réir sonraíochtaí 'S 148' na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara faoin 1 Meitheamh tar éis duit fógra a fháil i scríbhinn go bhfuil tú glactha ar an scéim, agus ní mór cothabháil a dhéanamh ar an imeall le linn thréimhse an chonartha.

Féadfar íocaíocht a éileamh ar uasmhéid de 1,500 méadar ar an ngabháltas thar thréimhse an chonartha.

Ní féidir an gníomh seo a roghnú do dháileachtaí LPIS atá roghnaithe do Mhóinéar Tirim Traidisiúnta, Tailte Féaraigh ar Mhórán Speiceas, Clúdach d'Éin Fhiáine, Clúdach Glas a Bhunú nó Íoschuraíocht.

Ní féidir le feirmeoirí a dhéanann iarratas ar mhaolú Níotráite nó ar an Scéim d'Fheirmeoireacht Orgánach iarratas a dhéanamh ar an ngníomh seo.

Ceanglais:

- I gcás teorainneacha fálda sceach, ní mór don imeall síneadh 2.5 méadar ó theorainn lasmuigh den fhál sceach.
- Ní mór fálú a dhéanamh ar an imeall de réir sonraíochtaí S148 na Roinne, le beostoc a choinneáil amach.
- Níor chóir duit leasacháin nó lotnaidicídí (lena n-áirítear luibhicídí, feithidicídí, fungaicídí, millíní seilide agus rialaitheoirí fáis) a chur amach laistigh den imeall.
- Ní mór fiailí díobhálacha a shrianadh – is féidir spot-spraeáil a dhéanamh orthu seo.
- Ní mór cothabháil a dhéanamh ar an imeall i ndea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil (GAEC). Féadfar é a bhaint nó innilt éadrom a dhéanamh air uair sa bhliain ar a laghad, ach ní féidir é sin a dhéanamh roimh an 15 Lúnasa. Má dhéantar innilt air, ní fhéadfar na hainmhithe a fhágáil ann ach amháin ar feadh an íos-ama atá riachtanach leis an bhfásra a shrianadh. Níor chóir damáiste a dhéanamh don imeall.

Bunú Clúdaigh Glais ó Bharr Curtha

Sainmhínítear *Clúdach Glas*, don ghníomh seo, mar bharr curtha bunaithe le saothrú ithreach éadrom tar éis fómhar gránach nó barra curaíochta eile, agus a bhfuil cothabháil déanta air de réir ceanglais Ionstraim Reachtúil 610 de 2010 (na Rialacháin Níotráite).

Má roghnaíonn tú an gníomh seo is iad na gníomhartha eile amháin a fhéadfaidh tú a roghnú ar an dáileacht an LPIS seo ná, Barrscoitheadh Fálta Sceach, Leagan Fálta Sceach agus Cothabháil Ballaí Cloiche.

Ceanglais:

Chomh luath agus is féidir tar éis barra a bhaint agus tráth nach déanaí an 1 Deireadh Fómhair, ní mór duit barra clúdaigh glais a bhunú go bliantúil ar an dáileacht LPIS iomlán céanna trí shaothrú éadrom (grafadh agus rolladh éadomhain – ní cheadaítear treabhadh) agus meascán síolta sonraithe a chur. Níor chóir sciodar nó leasachán a chur amach ar an gcoinleach/talamh tar éis an bharr a bhaint.

Ní mór duit 4 heicteár ar a laghad a chur in áirithe don ghníomh seo.

Ní mór go dtiocfaidh treabhadh síos an bharr clúdaigh níos déanaí le ceanglais Ionstraim Reachtúil 610 de 2010 (na Rialacháin Níotráite).

Beidh ar do chumas na barraí seo a leanas a úsáid:

Speiceas Barr Clúdaigh	Ráta Síolaithe kg/heic
Ruán	10 - 15
Foráiste Ráibe	5 - 7
Mustard	7 - 12
Coirce (Coirce Dubh)	75 - 100
Faicéilia	5 – 10
Seagal	70 - 90
Peasair	50 - 75
Coirce	75

Leagan Fálta Sceach

Féadfaidh feirmeoirí a bhfuil fálta sceach oiriúnacha acu an gníomh seo a roghnú. Ní mór an fad líneach (méadar) a bhfuil sé ar intinn agat a phlandáil a aithint ar theorainn na gceap LPIS agus iad a mharcáil ar an léarscáil.

Ní mór tabhairt faoi achar leanúnach de 15 méadar agus is féidir íocaíocht a éileamh ar uasmhéid de 1,000 méadar ar an ngabháltas thar thréimhse an chonartha.

Tá gearradh cuid den bhealach trí ghais roghnaithe i gceist le leagan fálta sceach, trína lúbadh siar ag uillinn de 70–80 céim agus na craobhacha agus na gais a cheangal le cuailí atá curtha sa bhruach atá faoin bhfál sceach. Tá go leor bealaí difriúla ann le fálta sceach a leagan. Ba chóir duit an ceann is oiriúnaí agus is éifeachtaí a roghnú. Beidh ar do chumas tuilleadh eolais a fháil ar an Idirlíon ag na láithreáin seo:

<http://www.crann.ie/>

<http://www.hedgelaying.ie>

<http://www.teagasc.ie/>

Ceanglais:

- Cuir gearradh (le bileog, tua nó sábh) atá ag claonadh síos thart ar trí cheathrú den bhealach tríd an ngas. Ansin leag síos an gas.
- Gearr dó an tsáil nó an bun ag uillinn chlaonta in aice na talún. Spreagfaidh sé sin athfhás ón talamh agus ní bheidh aon bhaol ann ó thaobh gortú a dhéanamh do bheostoc agus tabharfaidh sé deis don uisce rith chun srutha. Tabharfaidh teanga thanaí fhada deis an gas atá leagtha a chasadh agus é a chur san áit is fearr.
- Ní mór na gais leagtha a cheangal ionas nach ndéanfaidh beostoc atá á gcuimilt féin nó ag brú i gcoinne na bhfálta sceach nó gaoth láidir dochar dóibh. Ba chóir duit iad a cheangal do phoist atá sáite síos sa bhruach ina bhfuil na fálta sceach agus iad a bheith fite le slata oiriúnacha (coll/saileach) le buanseasmhacht a thabhairt.
- Ní mór duit, le linn gach aon bhliain féilire iomlán den chonradh, an cúigiú cuid ar a laghad d'achar iomlán an fháil sceiche atá curtha i d'iarratas agat a leagan.

Íoschuraíocht

Ciallaíonn íoschuraíocht barra a chur gan an ithir a aisiompú. Ní féidir an ithir a threabhadh. Is féidir leat an gníomh seo a roghnú ar thalamh curaíochta má gheallann tú barra a chur ag fás ar an mbealach seo ar na ceapa iomlána LPIS céanna le linn gach bliain den chonradh. Ní mór duit na dáileachtaí LPIS a mharcáil go soiléir ar an léarscáil.

Ní mór 4 heicteár ar a laghad a chur.

Má roghnaíonn tú an gníomh seo ní féidir leat aon ghníomhartha eile a roghnú ar an dáileacht LPIS seo ach amháin, Barrscoitheadh Fálta Sceach, Leagan Fálta Sceach nó Cothabháil Ballaí Cloiche.

Imill Bhruachánacha

Féadfaidh tú an gníomh seo a roghnú má tá sruthchúrsaí ar do chuid talún, ach ní féidir leat é a roghnú ó thaobh talamh coimíneachta. Is ionann sruthchúrsa agus aon sruthchúrsa atá léirithe ar léarscáil an OSI. Ní mór duit an t-imeall atá fálaithe a bhunú agus cothabháil a dhéanamh air chuig leithead atá leagtha síos feadh an sruthchúrsa atá á roghnú agat agus ní mór duit iad a thaispeáint ar an léarscáil. Ní mór duit leithead an imill a roghnú nuair atá tú ag cur isteach ar an AEOS. Tomhaistear leithead an imill ó bharr an bhruaigh i dtreo na páirce. Is féidir leat ceithre leithead a roghnú:

- 3 méadar
- 5.5 méadar
- 10.5 méadar
- 30.5 méadar

Is féidir leat níos mó ná ceann amháin de na leithid sin a roghnú, ach ní féidir leat é sin a dhéanamh ach amháin ar theorainneacha dáileachta LPIS ar leith in aice stráicí den sruthchúrsa.

Ní féidir an gníomh seo a roghnú do dháileachtaí LPIS atá roghnaithe do Mhóinéar Tirim Traidisiúnta, Tailte Féaraigh ar Mhórán Speiceas, Clúdach d'Éin Fhiáine, Clúdach Glas a Bhunú nó Íoschuraíocht.

Ní féidir le feirmeoirí a dhéanann iarratas ar mhaolú Níotráite nó ar an Scéim d'Fheirmeoireacht Orgánach iarratas a dhéanamh ar an gníomh seo.

Ní mór an limistéar a bheith fálaithe go buan chuig sonraíochtaí fálaithe 'S148' na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, le rochtain bheostoic a chosc ó chuirtear tús le conradh an AEOS, mura bhfuil an abhainn ainmnithe mar SAC agus nach gceadaíonn an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra fálú. Ba chóir duit bealaí isteach oiriúnacha a fhágáil ar mhaithe le cothabháil, agus d'iascaireacht de réir mar is gá.

Treoirínte maidir le Cothabháil:

- Deis a thabhairt ionas go dtiocfaidh fásra chuige féin go nádúrtha laistigh den imeall.
- Is féidir leat iad a bhaint agus fáil réidh leis an bhféar ach ní féidir leat é sin a dhéanamh roimh an 15 Lúnasa.
- Ná cuirtear leasachán nó lotnaidicíd amach.
- Ní mór salachar díobhálach a shrianadh – is féidir spot-spraeáil a dhéanamh orthu seo.

- Ní mór fásra ar nós fearnóg agus scrobarnach a shrianadh ionas nach dtiocfaidh siad ina chéile trasna forscáth an chainéil.
- Ní mór an limistéar sin a choinneáil i nDea-Riocht Talmhaíochta agus Chomhshaoil (GAEC).

Sciodar a Leathadh (Úsáid Teicneolaíochtaí Nua)

Is féidir leat an gníomh sin a roghnú má dhéanann tú athchúrsáil ar gach sciodar (cibé an dtagann siad ó d'fheirm féin nó an bhfuil siad tugtha isteach) agus iad a leathadh ar do chuid talún féin arís agus úsáid á baint agat as ceachtar de na bealaí seo a leanas:

- Leathadh Sciodair le Tarracóir.
- Córais Insteallta agus an
- Leatóir Cois Cúil.

Ní mór duit tabhairt faoin tiomantas seo ar feadh gach aon bhliain den chonradh.

Ar a laghad 100m³ sciodair le cur amach.

Ceanglais:

- Ní mór an sciodar ar fad a bhainistiú agus a leathadh de réir Ionstraim Reachtuil 610 de 2010 (na Rialacháin Níotráite).
- Sa chás go ndéanann tú iarratas ar an gníomh seo ní mór duit méid an sciodair atá á chur ar fáil/nó á thabhairt isteach agus á leathadh a dhearbhu.
- Ní mór an sciodar ar fad atá á leathadh ar an bhfeirm a leathadh agus úsáid á baint as ceann nó níos mó de na bealaí atá luaite thuas faoin 1 lúil gach aon bhliain. Ní mór duit fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil le húsáid an bhealaigh leata a úsáidtear le linn gach bliain den chonradh a dheimhniú, m.sh. an sciodar atá a chur ar fáil, á thabhairt isteach agus á leathadh a ríomh agus admháil ó do chonraitheoir nó aon fhianaise eile mar is gá.

Tailte Féaraigh ar Mhórán Speiceas

Féadfaidh feirmeoirí a bheith rannpháirteach sa ghníomh seo trí ghnáthóga tailte féaraigh neamhNatura 2000 oiriúnach ar a gcuid feirmeacha a aithint (ach ní SAC nó SPA nó coimíneacht). Ní mór gur dáileachtaí féaraigh iomlána LPIS a bheidh iontu seo agus nach raibh aon saothrú déanta orthu le 8 mbliana anuas. Is 10 heicteár an t-uasachar atá incháilithe i leith íocaíochta.

Má roghnaíonn tú an gníomh seo ní fhéadfaidh tú aon ghníomhartha eile a roghnú ar an dáileacht an LPIS seo ach amháin Barrscoitheadh Fálta Sceach, Leagan Fálta Sceach agus Cothabháil Ballaí Cloiche nó Suiteáil Trachanna Uisce.

Sa chás go bhfuil an talamh féaraigh ar mhórán speiceas suite laistigh de láthair atá ainmnithe mar láthair Natura 2000 féadfaidh feirmeoirí rogha a dhéanamh maidir le cibé íocaíocht a fháil ar an ghníomh seo seachas as Natura.

Ní féidir le feirmeoirí a dhéanann iarratas ar mhaolú Níotráite nó ar an Scéim d'Fheirmeoireacht Orgánach iarratas a dhéanamh ar an ghníomh seo.

Tá cineálacha difriúla tailte féaraigh ar mhórán speiceas ann.

Tailte Féaraigh Fliucha ar Mhórán Speiceas le clúdach luachra nó gan clúdach luachra

Tá na tailte féaraigh sin le fáil ar thalamh fána nó ar thalamh comhréidh i limistéir ardtailte nó ar limistéir ísealchríche in ithreacha fliucha nó in ithreacha mianracha atá leathbháite nó in ithreacha orgánacha le drochdhraenáil nó faoi réir ó am go ham ag tuilte séasúrach. Tá siad le fáil ar fud na hÉireann.

Ní mór go mbeidh dlúthchlúdach fréamhacha sa talamh féaraigh. Ní mór go mbeidh 5 tháscspeiceas “dearfach” ann. Tá samplaí tugtha sa liosta thíos; níl an liosta seo uileghabhálach agus is féidir é a fhorlíonadh le speiceas eile atá ceadaithe ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS). Caithfidh siad a bheith réasúnta feiceálach ar fud an chip — i bhfocail eile ní mór go mbeidh siad le fáil go forleathan go héasca, mar shampla ní díreach i bpaiste nó i gcoirnéal nó feadh na habhann. Níor chóir go mbeadh os cionn 20% ar fad de tháscspeiceas “diúltach” ar an liosta.

Táscairí Dearfacha

Táscairí diúltacha

Ainglice	Ceannbhán Caolduilleach
Cíb Chruithneachta	Caisearbhán Coiteann
Rú Corraigh	
Léine Mhuire	Lus an Ghúta
Odhrach Bhallach	Ilbhliantúil nó Seagalach Iodálach
Lus Míonla	Giolcach
Crobh Éin Corraigh	Neantóg
Cíb Ghiobach	Seamair Bhán
Eireaball Capaill	
Feileastram	
Lasair Léana	
Rú Corraigh	
Fiteog Cham	
Scuabóg Shionnaigh Léana	
Airgead Luachra	
Piseánach Buí	
Caonaigh	
Magairlín	
Fionnán	
Lus Síoda	
Cuise Garbh	
Cuise Mín	
Feorainn Choiteann	
Feorainn Reatha	

Féar Capaill

Féar an Chinn Bháin

Luachair

Speiceas Cíbeach

Briosclán Galánta

Lus Corráin

Mismín Uisce

Siolastrach

Bodach Gliogair

Tailte Féaraigh Tirime ar Mhórán Speiceas

a) Tailte Féaraigh Tirime Cailcreacha agus Neodracha

Tá na tailte féaraigh sin le fáil de ghnáth in ithreacha saorshilteacha mianracha. Níl scaipeadh forleathan orthu agus tá siad le fáil den chuid is mó ar fhánaí géara dromanna eiscir agus i moiréin i lár tíre agus i limistéir eile le hithreacha aolchloiche éadomhain nó carraigeacha.

Ní mór go mbeidh 5 tháscspeiceas “dearfacha” ar a laghad sa talamh féaraigh. Tá samplaí tugtha sa liosta thíos; níl an liosta seo uileghabhálach agus is féidir é a fhorlónadh le speiceas eile atá ceadaithe ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS). Caithfidh siad a bheith réasúnta feiceálach ar fud an chip — i bhfocail eile ní mór go mbeidh siad le fáil go forleathan go héasca, mar shampla ní díreach i bpaiste nó i gcoirnéal nó feadh na habhann. Níor chóir go mbeadh os cionn 20% ar fad de tháscspeiceas “diúltach” ar an liosta.

Táscairí Dearfacha	Táscairí diúltacha
Feochadán Mín	Speiceas Feorainn Shlim
Crobh Éin	Ceannbhán Caolduilleach
Brealla Gorma	Caisearbhán Coiteann
Bainne Bó Bleacht	Garbhfhéar
Tráithnín Coinfhéar	Lus an Ghúta
Coirce Clúmhach	Ilbhliantúil nó Seagalach Iodálach
Líon na mBan Sí	Giolcach
Bodach Gorm	Neantóg
Méaracán Gorm	Féar Uaibhreach
Méara Muire	Seamair Bhán
Rú Muire	
Oragán Cumhra	
Caonaigh	
Catluibh	

Magairlín: m.sh.

Magairlín Beachach

Magairlín Meidhreach

Magairlín na Stuaice

Oragán

Easpagán

Féar Gortach

Duáinín an tSeanchais

Allas Muire

Féar Cumhra

Cuise Garbh

Cuise Mín

Feorainn Choiteann

Feorainn Reatha

Féar Capaill

Bliúcán

Bodach Gliogair

Dréimire Buí

b) Tailte Féaraigh Tirime - Bogthais Aigéadach

Tá an cineál seo talamh féaraigh le fáil in ithir shaorshilteach aigéadach a d'fhéadfadh a bheith tirim nó bogthais ach nach bhfuil leathbháite. De ghnáth bíonn an ithir saibhir ó thaobh mianraí nó bíonn sí móinteach.

Ní mór go mbeidh 5 tháscspeiceas “dearfacha” ar a laghad sa talamh féaraigh. Tá samplaí tugtha sa liosta thíos; níl an liosta seo uileghabhálach agus is féidir é a fhorlíonadh le speiceas eile atá ceadaithe ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS). Caithfidh siad a bheith réasúnta feiceálach ar fud an chip — i bhfocail eile ní mór go mbeidh siad le fáil go forleathan go héasca, mar shampla ní díreach i bpaiste nó i gcoirnéal nó feadh na habhann. Níor chóir go mbeadh os cionn 20% ar fad de tháscspeiceas “diúltach” ar an liosta.

Táscairí Dearfacha	Táscairí diúltacha
Feorainn Choiteann Lúbtha	Ceannbhán Caolduilleach
Feorainn Reatha	Caisearbhán Coiteann
Peasair Shearbh	
Lus an Bhainne	Lus an Ghúta
Cluas Luchóige Choiteann	Ilbhliantúil nó Seagalach Iodálach
Odhrach Bhallach	Giolcach
Sailchuach	Neantóg
Feisciú	Seamair Bhán
Fungais (<i>Earth Tongues</i> , Caidhp Chéarach srl.)	
Lus na bhFear Beag	
Féar Caoráin	
Luachair Chaoráin	
Lus Cré Coiteann	
Lus an Ghiolla	
Caonaigh	
Magairlín	

Slánlus

Samhadh Caorach

Féar Cumhra

Cuise Garbh

Cuise Mín

Féar Capaill

Niamhnaid

Sailchuach

Giúnach

Luibh na nDaitheacha

Ní mór tailte féaraigh ar mhórán speiceas a bhainistiú mar a leanas:

Leasachán:

Ní féidir leasachán saorga, sciodar, aoileach nó aon ábhar orgánach eile a leathadh.

Innilt:

Ní mór cothabháil a dhéanamh ar chleachtais innilte traidisiúnta. Ní mór tabhairt faoin dlús stocála agus faoin réimeas innilte ar bhealach a chaomhnóidh ionracas éiceolaíochta na gnáthóige.

Barr-bhearradh:

Ní féidir barr-bhearradh a dhéanamh ar thailte féaraigh go dtí tar éis an 15 Iúil.

Draenáil:

Ceadaítear cothabháil phleanáilte a dhéanamh ar na draenacha atá ann cheana féin. Ní féidir tabhairt faoi bheathú breise ar na dáilleachtaí seo.

Úsáid Luibhicídí:

Ní cheadaítear luibhicídí a úsáid. Mar sin féin, san áit nach féidir fiailí díobhálacha agus/nó luachra a shrianadh le rialú meicniúil, cheadaítear spot-spraeáil le luibhicíde a dhéanamh orthu.

Scéim BHEATHA Bhoirne - Feirmeoireacht Chaomhnaithe i mBoirinn (BFCP)

Ní mór do rannpháirtithe Scéim Bheatha Bhoirne agus atá rannpháirteach san AEOS freisin ceanglais Scéim Bheatha Bhoirne a chomhlíonadh i ndáil le talamh féaraigh ar mhórán speiceas a íoctar san AEOS.

Cothabháil ar Bhallaí Cloiche Tirime Traidisiúnta

Is ionann ballaí cloiche tirime agus ballaí a thógtar agus úsáid á baint as clocha a shuíonn go compordach os cionn a chéile gan moirtéal a bheith in úsáid agus a thógtar ar stíl atá traidisiúnta don cheantar. Ní féidir leat an Gníomh seo a roghnú ar choimíneacht.

Is féidir uasachar de 4000 méadar a roghnú ar an ngabháltas.

Ní mór an t-achar líneach (méadair) a bhfuil cothabháil le déanamh air a aithint ar na dáileachtaí LPIS agus iad a mharcáil ar an léarscáil.

Ní mór na ballaí atá roghnaithe lena gcothabháil agus atá tite nó cuid díobh tite a atógáil ar an stíl chéanna leis na ballaí eile atá sa cheantar.

Móinéir Thirime Thraidisiúnta

Ní mór duit ceapa féaraigh LPIS iomlán le 3 speiceas féir ar a laghad (seachas Seagalach) a bheith agat don ghníomh seo.

Níl incháilithe ach amháin dáileachtaí nár saothraíodh le 8 mbliana anuas.

Is 10 heicteár an t-uasachar atá incháilithe i leith íocaíochta.

Má roghnaíonn tú an gníomh seo ní féidir aon ghníomhartha eile a roghnú ar an dáileacht LPIS seo ach amháin Barrscoitheadh Fálta Sceach, Leagan Fálta Sceach agus Cothabháil Ballaí Cloiche nó Suiteáil Trachanna Uisce.

Sa chás go bhfuil an talamh féaraigh ar mhórán speiceas suite laistigh de láthair atá ainmnithe mar láthair Natura 2000 féadfaidh feirmeoirí rogha a dhéanamh maidir le cibé íocaíocht a fháil ar an ngníomh seo seachas as Natura.

Ní féidir le feirmeoirí a dhéanann iarratas ar mhaolú Níotráite nó ar an Scéim d'Fheirmeoireacht Orgánach iarratas a dhéanamh ar an ngníomh seo.

Ceanglais:

- **Leasachán:**
 - Tá cur amach bliantúil nítrigine srianta go dtí 30kg/heic.
- **Innilt:**
 - Leantar cleachtais thraidisiúnta innilte. Ní fhéadfar innilt a dhéanamh ar na dáileachtaí sin ón 1 Aibreán go dtí go mbeidh an féar bainte gach aon bhliain.
- **Baint:**
 - Ní fhéadfar móinéir atá le caomhnú a bhaint go dtí tar éis an 15 Iúil.

Sa chás, ar chúiseanna drochaimsire nó ar chúiseanna eile, nach féidir an féar a shábháil, is féidir leat sadhlas a dhéanamh, ach ní mór duit é a iompú faoi dhó ar a laghad sula gcruinníonn tú é le deis a thabhairt do na síolta le scaipeadh.

Clúdach d'Éin Fhiáine

Is féidir leat an gníomh seo a roghnú má tá meascán barr síl ar leith do Chlúdach d'Éin Fhiáine á fhás agat ar dháileacht iomlán LPIS do gach aon bhliain don chonradh. Ní mór an dáileacht/na dáileachtaí LPIS a roghnaíonn tú a thaispeáint ar an léarscáil. Ní féidir leat é sin a dhéanamh ar thailte atá ar cíos go gearrthéarmach, tailte atá ainmnithe mar láthair Natura 2000 nó coimíneacht nó ar thailte ina bhfuil go leor lapairí ag neadú.

Má roghnaíonn tú an gníomh seo is iad na gníomhartha eile amháin a fhéadfaidh tú a roghnú ar an dáileacht LPIS seo ná, Barrscoitheadh Fálta Sceach, Leagan Fálta Sceach nó Cothabháil Ballaí Cloiche.

Ceanglais:

Cuir meascán barr síl gach aon bhliain den chonradh a sholáthraíonn clúdach geimhridh agus foinse bia d'éin talamh feirme agus do fauna eile. Nó, is féidir leat teaghlaim de mheascán aon bhliain amháin agus dhá bhliain a chur thar thréimhse an chonartha.

Tá rogha na láithreach ríthábhachtach.

- Ní mór an barra a fhás ar thailte atá oiriúnach le barra a chur ar fáil agus a chothú, m.sh., ithir atá in ann barra gráin a chur ar fáil.
- Ní mór an barra a fhás sa talamh céanna ar feadh tréimhse an chonartha.
- Ba chóir breithniú a dhéanamh maidir leis an mbarra a fhás in aice le clúdach. Mar shampla, d'fhéadfá é a chur le hais fálta sceach nó in aice le coillearnach nó le scrobarnach.

Ní mór 0.5 heicteár ar a laghad a bheith san achar atá á chur agat.

Ní mór go mbeadh ceapa 20 méadar ar a laghad ar leithead agus achar de 0.5 heicteár a bheith ann.

Is 3 heicteár an t-uasachar atá incháilithe i leith íocaíochta.

Sa chás go bhfuil beostoc ag innilt ar an fheirm ag tráth ar bith le linn tréimhse chonartha an AEOS ní mór an limistéar seo a bheith fálaithe nó seachas sin é a bheith inrochtana don bheostoc go léir.

Ceadaítear leasachán ag uasmhéid de leath ráta don bharra mar atá forordaithe in Ionstraim Reachtuil 610 de 2011.

Is féidir úsáid a bhaint as srianadh salachair réamh-churtha. Ní féidir leat lotnaidicídí a úsáid tar éis duit an barra a chur (lena n-áirítear luibhicídí, feithidicídí, fungaicídí, millíní seilide agus rialaitheoirí fáis).

Ní mór dhá chineál barra difriúil ar laghad a chur mar mheascán (m.sh. gránaigh agus *brassica*). Ní mór leath den dáileacht a thabhairt don dá chineál barra.

Ní mór an síol a chur san earrach, ag tráth nach déanaí na 31 Bealtaine.

Is druileáil an modh curtha is fearr.

Más ag scaipeadh an tsíl atá tú, cuir aon trian leis na rátaí síl (do shíolta atá níos lú) agus a leath sin (do shíolta atá níos mó).

Ní mór barraí ón meascán bliana a choinneáil ón am a bhfásann siad go dtí an 15 Márta ina dhiaidh sin.

Má tá cáil á úsáid agat sa mheascán, níor chóir aon rud a dhéanamh le ceap an cháil go dtí an dara geimhreadh nach gcríochnaíonn roimh an 15 Márta den dara geimhreadh.

Níor chóir go dtabharfaí faoi aon saothrú.

Má tá an limistéar incháilithe atá ar an fheirm deighilte i líon dáileachtaí ní mór go mbeidh uimhir LPIS ar gach aon dáileacht agus ní mór meascán barraí do Chlúdach d'Éin Fhiáine a bheith ann.

Meascán Barraí do Chlúdach d'Éin Fhiáine

Is féidir Clúdach d'Éin Fhiáine a dhéanamh as meascán a chuirtear gach aon bhliain nó as meascán a chuirtear gach uile dara bliain. Tá na rátaí síl atá molta níos lú ná iad siúd a mholtar do tháirgeadh barra tráchtála mar go gcuireann barra atá níos oscailte rochtain níos mó ar fáil d'éin chuig síolta atá tite agus ar shalachar.

Ní mór gránach, (coirce, triteacál) a bheith san áireamh sna **meascáin bhliana** agus speiceas amháin ar a laghad ón méid seo a leanas: Faicéilia, ráibe olashíol, ros lín, agus mustard. Is ionann sampla de mheascán bliana agus coirce agus ros lín. Is rogha maith é an meascán seo d'ithreacha aigéadacha atá níos troime, m.sh., 75 kg/heic coirce agus 15 kg/heic den ros lín. Sa chás go gcuirtear *brassica* mar chuid den mheascán bliana, ní mór iad a chur i stráicí malartacha ionas nach bplúchfaidh an *brassica* an gránach.

Ní mór go mbeidh cáil agus ar a laghad ceann amháin den mhéid seo a leanas sa **mheascán dhá bhliain**: coirce, triteacál, nó ros lín. Tá an cáil curtha san áireamh mar gur planda débhlíantóg é; agus is plandaí bliantúla iad an chuid eile agus ní mór iad a chur gach aon bhliain. Ba chóir cnapfhreámh, cineálacha den Chál a bhfuil frithsheasamh in aghaidh galair iontu ar nós ‘Caladónach’ a chur.

Tá samplaí de mheascáin dhá bhliain tugtha thíos:

Meascán	Rátaí Druileála
Cál agus ros lín	1.5 kg/heic de chál agus 15 kg/heic ros lín
Cál agus gránach (coirce, triteacál)	1.5 kg/heic de chál agus 75 kg/heic ros lín

Ná cuirtear *brassica* san áireamh (ráibe olashíol, mustard srl.) má tá an meascán bliana á úsáid agat mar bharra le briseadh a thabhairt isteach idir an meascán dhá bhliain a áiríonn cáil.

CUID II
COINNÍOLLACHA DO LÁITHREACHA NATURA ÁIRITHE

COINNÍOLLACHA DO CHAOMHNÚ BRATPHORTAIGH, FRAOCHMHÁNNA AGUS FÉARACH SLÉIBHE

Forálacha Ginearálta

Is é an príomh-mholadh cleachtais fheirmeoireachta a bhíonn mar chúis le dochar a dhéanamh don chomhshaol a sheachaint agus tá na moltaí seo a leanas deartha le haghaidh a thabhairt ar an gcuspóir sin. Má dhéanann cleachtas dochar don chomhshaol ní mór é a stopadh nó é a athrú, ach is treoirlínte ginearálta atá sa mhéid seo a leanas agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí moltaí sonracha ina n-ionad d'fheirmeacha aonair.

Coinníollacha Mionsonraithe

Diús Stocála

Ní mór plean inbhuanaithe don chomhshaol a ullmhú i ngach cás agus ní mór cloí leis ar limistéar iomlán na feirme. Ní mór don phleanálaí na rátaí stocála inbhuanaithe is fearr is féidir a leagan síos tar éis measúnú a dhéanamh ar riachtanais caomhnaithe comhshaoil na dtailte.

Sa chás go n-éilíonn na leibhéil stocála atá leagtha síos ag an bpleanálaí laghdú a dhéanamh ar stoc ní mór é sin a bhaint amach laistigh d'aon bhliain amháin tar éis tús a chur leis an bplean. Ní féidir cur le leibhéil stocála, ní féidir stoc a thabhairt isteach i limistéir nua agus ní féidir aon athruithe a dhéanamh ar an gcineál stoic le linn tréimhse an phlean gan cead a fháil roimh ré ón tSeirbhís Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS). Ní mór an t-uaslíon caorach a fhéadfar a choinneáil ar an fheirm in iomláine a leagan síos sa phlean. Tá feidhm ag na paraiméadair seo a leanas:

- Sa chás nach bhfuil aon damáiste ann tá na leibhéil stocála reatha inghlactha.
- Má tá an leibhéal damáiste measartha ní mór don phleanálaí laghdú stocála a leagan síos ag leibhéal a bhaineann leis an damáiste agus atá leordhóthanach le deis a thabhairt don fhásra teacht chuige féin.

- Má tá leibhéal mór damáiste ann, ní mór laghdú stocála de idir 70% agus 100% i líon na gcaorach ar an limistéar a bhfuil dochar déanta dó a leagan síos ar feadh tréimhse sonraithe.

Nuair a bheith athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean, déanfar athbhreithniú ar stádas caomhnaithe na limistéar. D'fhéadfadh athrú sna leibhéil stocála (ardú nó laghdú) a bheith iomchuí ag brath ar an dul chun cinn.

Baineann na leibhéil stocála le caoirigh *Scottish Blackface* nó pótha caorach ar mheánmhéid comhchosúil. Ba chóir go mbeadh leibhéil stocála eallach nó stoc eile ag na rátaí infheidhme aonaid bheostoic ag tógáil san áireamh rátaí coigeartaithe do na cineálacha éagsúla stoic. Is ionann na rátaí stocála atá molta sa doiciméad seo agus na huasrátaí inbhuanaithe d'fhéarach ar feadh na bliana. Má tá úsáid á baint as tréimhsí féaraigh níos giorra is féidir cur le líon na n-ainmhithe, ach ní gá gur ar bhonn pro rata é sin.

Beathú Breise

Ní cheadaítear beathú breise ach amháin ar limistéir ina bhfuil sé á chleachtadh faoi láthair. Ní mór láithreacha na bpointí beathaithe a bheith sonraithe, Ba chóir na “pointí beathaithe” a aistriú gach uile 3 seachtaine agus iad a chur ar thalamh ar a bhfuil fíorbheagán luacha ó thaobh gnáthóg agus fiadhúlra, bheadh sé níos fearr iad a chur ar féarach a bheadh achar fada ó áiteanna ina bhfuil fraoch ar mhaithe le ró-innilt, satailt, póitseáil agus fadhbanna creimthe a laghdú. Ba chóir beathú ar fhánaí géara agus ar ithir mhóinteach a sheachaint nuair is féidir é sin a dhéanamh. Níor chóir cur leis an méid iomlán beatha atá á húsáid.

Úsáid Leasacháin agus Luibhicídí

Ní féidir leasacháin orgánacha nó neamhorgánacha nó aol a chur amach ar phortaigh, fraochmhánna nó ar féarach sléibhe san áit nár úsáideadh cheana iad. Níor chóir leasacháin a úsáid mar bhealach le limistéir chreimthe a athghiniúint. I gcás féarach sléibhe ní féidir leasacháin a chur amach ach amháin ar bhonn torthaí tástála ithreach. San áit a bhfuil

leasacháin á gcur amach, ba chóir go mbeadh an chéad sampláil ithreach réasúnta dian agus sampla amháin ar a laghad a thógáil in aghaidh gach 2-4 heicteár. Níor chóir go rachadh na leibhéil sprice fosfáite thar leibhéal Innéacs 2 atá leagtha amach sa tsonraíocht seo.

Ní mór spraeáil nó scaipeadh luibhicídí a sheachaint. Is féidir spot-spraeáil nó cóireálacha cuimilte a úsáid le fáil réidh le copóga, feochadán, buachaláin agus fiailí díobhálacha den chineál sin. Is féidir fáil réidh leis an ródaideandrón fiáin trína ghearradh agus luibhicíd a chur air. Is féidir raithneach a shrianadh trí rolladh, gearradh agus/nó trí ligean cead d'eallach í a shatailt ach é sin a dhéanamh ar bhealach srianta i dtús an tsamhraidh. Is féidir cead a fháil in imthosca eisceachtúla leis an raithneach a srianadh le luibhicídí.

Truailí Uisce

Ba chóir a bheith thar a bheith cúramach ó thaobh na gceanglas reachtúla maidir le truailiú uisce a chomhlíonadh. Is iad príomhshaintréithe hidreolaíocht na limistéar portaigh ná uiscí dromchla gan mórán cothaitheach ina bhfuil flora agus fauna le fáil atá imithe in oiriúint ar na coinníollacha seo. Bheadh tionchar dochrach ag saibhriú cothaitheach ar na speicis sin. Ní mór láithreacha nua tumadh caorach a liostú agus iad a choinneáil amach ó shrutháin agus ó shruthlaithe leis an mbaol ó thaobh truailiú uisce agus damáiste do flora agus fauna a laghdú.

Cleachtais Shriantacha agus Cleachtais Toirmiscthe

Níor chóir tabhairt faoi na cleachtais seo a leanas ar Bhratphortaigh, Fraochmhánna nó ar Féarach Sléibhe:

- Níor chóir na limistéar a dhraenáil, iad a bhaint, iad a shaothrú nó athshíolú a dhéanamh orthu.
- Níor chóir go mbeadh aon inlíonadh nó tógáil carraigeacha as na limistéir sin.
- Ní cheadaítear baint mhóna ar phortaigh nach bhfuil aon saothrú déanta orthu. Cheadaítear móin a bhaint ar mhaithe le húsáid bhaile ar bhruacha atá ann.
- Ní cheadaítear crainn nó barraí eile a chur.

- Ní féidir aon chosáin nua a chruthú.
- Ní cheadaítear dó ach amháin mar chleachtas atá bainistithe agus pleanáilte.
- Is féidir aiteann a shrianadh trína ghearradh, beagán spraeála nó i gcásanna eisceachtúil é a dhó lasmuigh den séasúr neadacha éan (1 Márta go dtí 31 Lúnasa).

COINNÍOLLACHA DO CHAOMHNÚ DUMHCHA AGUS LIMISTÉIR MHACHAIRE

Is é an príomh-mholadh cleachtais fheirmeoireachta a bhíonn mar chúis le dochar a dhéanamh don chomhshaol a sheachaint agus tá na moltaí seo a leanas deartha le haghaidh a thabhairt ar an gcuspóir sin. Má dhéanann cleachtas dochar don chomhshaol ní mór é a stopadh nó é a athrú, ach is treoirlínte ginearálta atá sa mhéid seo a leanas agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí moltaí sonracha ina n-ionad d'fheirmeacha aonair.

Coinníollacha Mionsonraithe do Dhumhcha agus do Mhachairí

Cur Síos

Is ionann Dhumhcha agus Machairí agus gnáthóga ar an gcósta atá comhdhéanta de chnoic agus de loig ina bhfuil cineálacha uathúla plandaí agus ainmhithe le fáil mar fhreagra ar an gcomhshaol tirim, gaofar agus goirt atá thar a bheith dian.

Is ionann machaire agus machairí comhréidh, leibhéal thar ghaineamh atá saibhir in aol agus a tháinig chun cinn mar thoradh ar an mbealach a gcorraíonn an ghaoth agus an bháisteach throm an gaineamh agus mar gheall ar úsáid talún stairiúil. Is in iarthar na hÉireann agus na hAlban amháin atá siad le fáil.

Córas Innilte

Ba chóir a thabhairt ar aird gurb é an cuspóir maidir le dhumhcha agus le machairí ná cothabháil a dhéanamh ar chleachtais talmhaíochta forleathan agus tuilleadh ardú ar uimhreacha stoic a chosc. Ní mór stoc eallach a choinneáil ag leibhéal atá an talamh in ann a sheasamh – féach an chuid ar Bheathú Breise freisin.

Ba chóir leanúint le hinnilt eallach a thagann le cleachtais thraidisiúnta. Ba chóir gur sa gheimhreadh amháin de ghnáth a dhéanfaí innilt ar an talamh. Is féidir leanúint leis sin, áfach, i limistéir ina mbíodh innilt á dhéanamh ann go traidisiúnta i rith an tSamhraidh (m.sh. le 10 mbliana anuas), ar an gcoinníoll, ar ndóigh, nach sárófar leibhéal stoic atá ar chumas na talún a sheasamh ar bhonn inbhuanaithe ag am ar bith. Ba chóir innilt ar limistéir nua agus ar limistéir fhordhuimhche a sheachaint. Níor chóir na leibhéal innilte a shárú sa chás go n-éilíonn coinníollacha é sin:

1 Aonad Beostoic (LU) in aghaidh an heicteáir ar an meán ar feadh na bliana agus níor chóir go sáródh sé sin 2 LU ag am ar bith. Tabharfaidh an t-athrú seo an deis le beathú geimhridh a chur ar fáil do 2LU ar an dumhach/machaire ar an gcoinníoll go measann an pleanálaí go bhfuil sé sin inbhuanaithe.

Níor chóir caoirigh a ligean isteach i limistéir nach raibh innilt á chur ar fáil dóibh ann go traidisiúnta, ach is féidir leanúint ar aghaidh leis na limistéir ina raibh caoirigh go traidisiúnta, ach b'fhéidir ag leibhéal níos ísle.

Leibhéal Stócála Inbhuanaithe

Ba chóir don phleanálaí leibhéal stócála do gach aon fheirm a leagan síos sa phlean feirme. Ba chóir na leibhéal a shocrú faoi na leibhéal a bhíonn mar chúis le eotrófú, ró-innilt, nó creimeadh ach fós iad a shocrú sách ard le cúngrach fásra agus scrobarnach gharbh a shrianadh. Sa chás go n-éilíonn na leibhéal stócála atá leagtha síos ag an bpleanálaí laghdú a dhéanamh ar stoc ní mór é sin a bhaint amach laistigh de 12 mí tar éis tús a chur leis an bplean. Sa chás go bhfuil ardú le cur ar an leibhéal stoic, is féidir é sin a scaipeadh thar thréimhse an plean, mar a shonraíonn an pleanálaí. Sa chás go bhfuil plean caomhnaithe ullmhaithe don limistéar faoi chaomhnú speisialta (SAC) atá i gceist, ba chóir é sin a úsáid chun cabhrú le cinneadh a dhéanamh maidir leis an áit ina bhfuil an damáiste ag tarlú nó tarlaithe, san áit gur damáiste measartha atá déanta agus an áit nár tharla aon damáiste.

Is féidir pleananna caomhnaithe oifigiúla a fháil ó oifig áitiúil na Seirbhíse Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) nuair a bhíonn siad ar fáil.

Beathú Breise

D'fhéadfadh tabhairt isteach beathú breise cothaitheacha breise a thabhairt chuig dumhcha agus chuig limistéir mhachaire, ag cur athrú ó bhonn ar an mbealach sin ar an bhfásra sna limistéir sin. Is féidir le húsáid sadhlais agus le beathú eile éascú a dhéanamh ar leibhéal stocála iomarcacha agus d'fhéadfadh sé sin a bheith mar chúis le screamhuisce a thruailliú. D'fhéadfadh sé mar sin nach dtabharfaí cead beathú breise a úsáid i limistéir nach raibh an nós sin ann le deich mbliana anuas ach amháin i gcomhairle leis an tSeirbhís Pháirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS).

Is féidir sadhlas atá burláilte go cruinn a stóráil sna limistéir sin. Ní féidir sadhlas scaoilte a stóráil ach amháin san áit ina bhfuil córas bailithe eisilteach ceadaithe ar fáil agus go dtugtar an t-eisilteach chun siúl ón machaire/dumhach.

Ní féidir beathú breise a dhéanamh ar limistéir nua agus ar limistéir fhorghuimhche.

Féadfar leanúint le beathú breise i limistéir mhachaire agus dumhcha liathghainimh san áit a raibh sé sin ag tarlú le 10 mbliana anuas, ar an gcoinníoll:

- Nach dtagann ardú ar an líon Aonad Beostoic (LU) atá á mbeathú
- Nach dtagann athrú ar an speiceas stoic atá á mbeathú
- Nach dtagann ardú ar líon iomlán comhionann beathaithe
- Nach sáraíonn an méid beatha 3.5 tonna sadhlais nó 0.75 tonna féir in aghaidh an Aonaid Beostoic (LU)
- Nach dtugtar aon mhin nó dlúthbhia.

Ceadófar beathú, áfach, in imthosca eisceachtúla, ar nós drochaimsir atá neamhghnách (m.sh. nuair atá sneachta trom nó tuillte ann), agus le comhaontú ón tSeirbhís Pháirceanna Náisiúnta

agus Fiadhúlra (NPWS). Is féidir méid beag dlúthbhia a thabhairt d'eallach coiscthe.

Saothrú, athshíolú agus lotnaidicídí

Ní mór treabhadh, fuirseoireacht nó aon chineál eile saothraithe a sheachaint mar go gcuirfidh sé sin as do struchtúr na duimhche. Is féidir ceapa beaga curaíochta traidisiúnta ar mhachairí a choinneáil. Cuirfidh tabhairt isteach aon síolta chuig na limistéir sin as don chóimheá fásúil ar an bhfuil an dumhach ag brath agus mar sin ní mór é a sheachaint. Is ó bheathaitheoir cruinn amháin a thabharfar féar tirim do na hainmhithe.

Go bunúsach tá codanna daingean de dhumhcha ina limistéir le leibhéil ísle cothaitheach plandaí san ithir agus chuidigh sé sin lena sainfhlora a fhorbairt. Is iad sin na limistéir is mó freisin a mbaintear úsáid astu ar mhaithe le hinnilt. Ní féidir, áfach, leasacháin orgánacha (sciodar, FYM), nó neamhorgánacha a leathadh mar go ndéanfadh sé sin dochar don flora sna limistéir sin.

Ní féidir aon leasacháin a chur amach anois ar mhachairí, san áit nár cuireadh leasacháin amach san am a caitheadh. Sa chás, áfach, gur cuireadh leibhéil ísle fosfair amach ar mhachairí go traidisiúnta, is féidir leanúint leis sin, ar an gcoinníoll nach dtagann ardú thar na leibhéil reatha ar na leibhéil fosfair san ithir, nó i ngach cás nach sárófar Innéacs Ithreach 2.

Lotnaidicídí agus Luibhicídí

Ní mór cur amach luibhicídí i bhfoirm spraeála nó scaipeadh a sheachaint, ach is féidir spot-spraeáil nó cóireálacha cuimilte a úsáid le fáil réidh le copóga, feochadán, agus salachair dhíobhálacha den chineál sin.

Cóireálacha d'Ainmhithe

Is féidir gnáth-úsáid a bhaint as dáileog péist, ach ní mór ainmhithe atá tar éis lotnaidicídí a fháil, a choinneáil den dumhach ar feadh seachtaine ar a laghad tar éis na cóireála mar go bhfanann an fuíoll sa bhualtrach.

Dumpáil agus Inlíonadh

Ní mór dumpáil dramhaíl tí nó tionsclaíoch, dramhaíl feirme, spallaí, clocha, nó aon chineál ábhar den sórt sin a d'fhéadfadh cur as don chomhshaol nádúrtha trí chothaitheacha nach bhfuil oiriúnach nó ithreacha agus síolta nach bhfuil oiriúnach a thabhairt isteach, a sheachaint.

Coinníollacha Feirmeoireachta do Chaomhnú SACanna ar Abhainn

Leasacháin in SACanna ar Abhainn

Níor chóir aon **leasachán ceimiceach** a chur amach laistigh de 2 m d'aon sruthchúrsa in SACanna ar Abhainn.

Maidir le SACanna ar abhainn is suas go 10 m ó shrutháin agus ó dhraenacha an stráice bufair atá molta nuair atáthar ag leathadh **aoileach orgánach** agus suas go 20 m ó phríomhchainéil abhann. San áit ina bhfuil teorainneacha SAC laghdaithe go dtí 2.5 m, is é an crios bufair ábhartha an crios sin atá faoi Thraschomhlíonadh.

Gníomhartha is gá a chur in iúl

Féadfar leanúint le gníomhaíochtaí feirme reatha gan é sin a chur in iúl mura mbaineann siad le aon cheann den mhéid seo a leanas, atá, mar go bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ghnáthóga, ina ngníomhartha is gá a chur in iúl (sé sin gníomhartha a bhfuil gá le comhchomhairle agus toiliú ina leith roimh ré):

- Míntíriú, inlíonadh nó draenáil (seachas glanadh draenacha ¹) laistigh de 5m de bhruach na habhann
- Fáil réidh le crainn; athshíolú tailte sa chás nár tharla sé sin le 10 mbliana nó níos mó; nó foraoisiú.
- Treabhadh nó aon lotnaidicídí a úsáid sa chás nár tharla sé sin le 10 mbliana anuas nó níos mó.
- Aon úsáid a bhaint as lotnaidicídí (luibhicíd nó feithidicíd) laistigh de 5 m de bhruach na habhann.
- Diansaothrú gníomhaíocht feirmeoireacht reatha.
- Athrú bruacha, cainéal, leaba nó sruth na habhann.

¹ Ní hionann glanadh draenacha atá laistigh de SACanna agus gníomh is gá a chur in iúl.

Treabhadh

Ní mór íosimeall neamhshaothraithe de 3 m ó shruthchúrsaí a choinneáil. Cuirfear síneadh leis sin go 5 méadar san áit go bhfuil teorainn an SAC ní mó ná 2.5 méadar.

SAINORDÚ A LEAGANN AMACH NA COINNÍOLLACHA FEIRMEOIREACHTA A BHAINNEANN LE TAILTE FÉARAIGH FLIUCHA, LENA N-ÁIRÍTEAR CALAÍ, TAILTE FÉARAIGH ÍSEALCHRÍCHE FLIUCHA, EANAIGH AGUS RIASCA

(Cóid Calaí Lár na Sionainne agus na Brosnaí Bige Cóid SAC 000216 & 000564)

Innilt

Ní mór cothabháil a dhéanamh ar chleachtais innilte ² traidisiúnta. Deimhneoidh an pleanálaí cad atá i gceist le cleachtais traidisiúnta, ar a n-áireofar an líon agus an cineál beostoic, an úsáid speiceas agus an patrún innilte séasúrach. Níor chóir caoirigh agus/nó gabhair a thabhairt isteach i limistéir nach raibh fáil orthu ann go traidisiúnta. Níor chóir tearcinnilt a dhéanamh ar an talamh. Beidh feidhm le teorainn ar an ráta stocála de 1 Aonad Beostoic (1LU)/heic idir an 10 Márta agus deireadh mhí an Mheithimh.

Beathú Breise

Ní thabharfar isteach aon bheathú breise i limistéar nach raibh a leithéid ar siúl ann go traidisiúnta.

Is féidir roinnt dlúthbhia a cheadú trí chomhaontú leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra in imthosca aonair. Beidh aon chineáil cead den sórt sin scríofa isteach sa phlean ag tráth ullmhaithe plean den chineál sin.

² Ciallaíonn “Traidisiúnta” cleachtais atá in úsáid le 10 mbliana anuas

Baint

Ní chuirfear tús le baint fhéir roimh an 30 Meitheamh sna limistéir nach bhfuil sainordú maidir leis an traonach i bhfeidhm mura raibh bainistiú déanta ar an talamh san am a caitheadh agus gur fíorbheagán éagsúlacht plandaí atá ann. Ní mór aon eisceachtaí maidir leis seo a shainmhíniú sa phlean feirme.

Áirítear le “baint fhéir”, barr-ghearradh, slabhrú féir nó rolladh.

Leasachán

Is féidir leasachán ar bhealaí ceimiceacha nó orgánacha a dhéanamh ar an gcaoi chéanna, ar chalaí amháin a mbíodh leasachán a dhéanamh orthu go traidisiúnta, de réir “Dea-Chleachtais Fheirmeoireachta” ach gan aon diansaothrú a bheith ann.

Draenáil

Ceadófar cothabháil a dhéanamh ar dhraenacha atá ann agus ní thabharfar faoi aon oibreacha draenála eile ach le comhaontú roimh ré leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Beidh aon chineáil ceada den sórt sin scríofa isteach sa phlean ag tráth ullmhaithe plean den chineál sin.

Dumpáil, Inlíonadh nó Dó Fásra

Ní cheadófar aon dumpáil nó inlíonadh. Breithnítear fáil réidh le dramhaíl talmhaíochta, ar nós féar atá millte mar dhumpáil agus tá sé toirmiscthe. Ceadaítear féar atá millte a chruachadh agus ceadaítear é a dhó ina dhiaidh sin ar an láthair chomh fada agus go ndéantar é sin de réir na ngnáthfhorálacha dlíthiúla. Tá dianchosc ar ábhair a thabhairt isteach ó láithreacha eile chun críche dó.

Athshíolú, Míntíriú nó Cur Crann

Ní cheadófar athshíolú, míntíriú nó cur crann gan comhaontú roimh ré leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus beidh aon chomhaontú den sórt sin san áireamh sa phlean.

Tógáil Bóithre

Ní cheadaítear tógáil bóithre nua (lena n-áirítear droichid agus lintéir) ach amháin le comhaontú sonrath na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Ní mór aon chomhaontú den sórt sin a scríobh isteach sa phlean. Níl cothabháil a dhéanamh ar bhóithre

atá ann srianta.

Síor-Úsáid Cóireálacha Ainmhithe

Ní chuirfear srianadh lotnaidí ceimiceacha, a fhanann sna hainmhithe agus a fhágann iarmhar in aoileach ainmhí ar feadh tréimhsí fada, ar ainmhithe atá ag úsáid na láithreach. Glactar le foirmeacha doirteadh nó insteallta.

Úsáid Luibhicídí

Ní cheadaítear fiailí díobhálacha agus copóga a shrianadh ach amháin trí spot-spraeáil agus sin amháin. Ní cheadófar úsáid luibhicídí le speiceas eile a shrianadh, nó a shrianadh trí bhealaí seachas spot-spraeáil, ach trí chomhaontú sonrath leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus beidh aon chomhaontú den sórt sin mar chuid den phlean.

Nóta Breise (Calaí Lár na Sionainne agus na Brosnaí Bige Cóid 000216 & 000564)

Tá íocaíocht faoin sainordú maidir le tailte féaraigh fliucha srianta do na hiarratasóirí sin atá incháilithe i leith íocaíocht faoi shainordú an Traonaigh (féach thuas). Tá teorainn leis an limistéar talamh féaraigh fliuch, eanach nó riasc atá incháilithe i leith íocaíochta ag trí huair an limistéir mhóinéir tirim atá incháilithe i leith íocaíochta agus á bhainistiú ag an iarratasóir faoi shainordú ghnáthóg an Traonaigh (féach thuas).

Gnáthóg Éan Fiáin Tosaíochta

Gníomh an Traonaigh (láithreacha ainmnithe Natura 2000 do Chaomhnú Gnáthóg an Traonaigh i gCalaí na Sionainne)

Tá an Gníomh seo dírithe go sonrach ar fheirmeoirí i gCalaí na Sionainne le tailte i sprioc-limistéir Traonaigh Natura 2000 atá aitheanta ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Ní mór d'fheirmeoirí a bhfuil tailte incháilithe acu laistigh den sprioc-limistéar a bheith rannpháirteach sa Gníomh seo.

Ní mór bainistiú a dhéanamh ar na tailte de réir sainordú móinéir thirime an Traonaigh do Chalaí na Sionainne a bhfuil imlíne tugtha ina leith thíos.

Ní mór don iarratasóir dul i dteagmháil le pleanálaí le Plean Bainistíochta agus Innilte Inbhuanaithe (SMGP) a dhréachtadh don láthair. Ní mór an Plean Bainistíochta agus Innilte Inbhuanaithe (SMGP) seo a sheoladh chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an plean a chur i bhfeidhm le linn tréimhse an chonartha.

Ní mór don phleanálaí dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS) sula ndéantar dréachtadh ar an Plean Bainistíochta agus Innilte Inbhuanaithe (SMGP) do na tailte ainmnithe seo.

Ní mór dó/di na tailte ainmnithe Natura 2000 sin ar an fheirm atá i limistéar gnáthóige an Traonaigh a aithint agus a bhfuil cothabháil le déanamh orthu mar mhóinéir tirim.

Leithdháilfidh an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) ord gearrtha do na tailte. Ní mór mionsonraí an oird gearrtha sin a bheith san áireamh sa plean.

Ba chóir don phleanálaí an láthair a shiúl agus measúnú a dhéanamh uirthi agus gach gné den ghníomhaíocht feirmeoireachta ar an fheirm iomlán a bhreithniú nuair atáthar ag dréachtadh

Plean Bainistíochta agus Innilte Inbhuanaithe (SMGP) don láthair.

Ní mór cothabháil a dhéanamh ar an limistéar/na limistéir aitheanta mar mhóinéir tirim do thréimhse an chonartha seo.

Ní mór do rannpháirtithe an ghnímh seo ceanglais bhainistíochta maidir le cothabháil a dhéanamh ar ghnáthóg an Traonaigh agus atá leagtha amach thíos a leanúint.

Ní dhéanfar íocaíocht ach amháin nuair a sheolfar deimhniú comhlíonta isteach atá sínithe ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) nó a cuid gníomhairí maidir leis na ceanglais bhainistíochta atá leagtha amach thíos.

Ceanglais bhainistíochta do GHNÁTHÓGA AN TRAONAIGH (Calaí Lár na Sionainne)

Tá an sainordú seo mar bhonn leis an bPlean Bainistíochta agus Innilte Inbhuanaithe do limistéir an traonaigh. Tá limistéir an traonaigh aitheanta ag an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) agus clúdaíonn siad thart ar 600 heic den SPA faoi láthair.

Tá Feidhmiú an tSainordaithe seo srianta do Mhóinéir Thirime Traidisiúnta i gcalaí tosaíochta in SPA Chalaí Lár na Sionainne. De réir na staire le déanaí is cosúil go raibh na calaí seo mar shuíomh póraithe don Traonach nó tá an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) den tuairim go bhfuil an dóigh láidir ann go bhféadfadh sé go rachadh na Traonaigh i mbun pórúcháin ansin amach anseo. Tá an liosta seo faoi réir ag athbhreithniú leanúnach. Moltar do phleanálaithe an staid reatha a phlé leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) sula ndéanfaidh siad an Plean Bainistíochta agus Innilte Inbhuanaithe (SGMP) a dhréachtadh. Taispeántar an liosta reatha calaí atá incháilithe faoin sainordú thíos:

An Cheathrú Mheánach	Cluain Mhic Nóis
Teamhair	<i>Coolumber</i>
Cill Ó Míolchon	Fathainí
Oileán an Bhulláin	Droim Glaise

<i>Iniskeogh</i>	<i>Goravinch</i>
An Leithinse/An Riasc	An tOileán Fada
Maigh Eistean	Baile Átha Luain, <i>Big Meadow</i>
An Bhreacach	An Bogán Fionn
<i>Woodbank</i>	Baile Mhic Uallacháin
Coill an Phoirt	Raghrabeg
Oileán an Easpaig	Cográn
Barr na Gaoithe	Ioma Fhastraí

Limistéar Móinéir

Ní thiocfaidh aon laghdú le linn tréimhse an phlean ar an achar iomlán ar an gcuid den fheirm atá ainmnithe do mhóinéar agus ní bheidh achar an mhóinéir níos lú ná meán na 5 bhliana roimhe sin.

Srianta ar Innilt

Ní cheadófar innilt ar an limistéar ainmnithe tar éis an 15 Márta.

Baint Mhóinéir

Ní bhainfear an móinéar nó ní dhéanfar barr-bhearradh air roimh an 10 Lúnasa. Is ionann na dátaí gearrtha sa phlean 5 bhliana agus faoi dhó ar an 10 Lúnasa, faoi dhó ar an 1 Meán Fómhair agus uair amháin an 15 Meán Fómhair. Ní mór an bhaint a shocrú i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) atá san áireamh sa Phlean Bainistíochta agus Innilte Inbhuanaithe agus é a chur i bhfeidhm ón tús.

Ní mór na móinéir a bhaint ar bhonn bliantúil ach amháin sa chás nach gceadaíonn coinníollacha aimsire é sin.

Modh Bainte Móinéir

Ní mór na móinéir a bhaint agus an modh “ón lár amach” á úsáid — *féach Fíor 1 thíos*. Tá mionsonraí le fáil ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra nó a cuid gníomhairí.

Ba chóir luas an lomaire a choinneáil sách íseal (m.sh. 4msu) le deis a thabhairt do na Traonaigh bogadh leo. Níor chóir go sáródh an lomaire 12 troigh ar leithead.

Imill


Ní mór imeall de 2.5 méadar a fhágáil ar gach aon taobh den mhóinéar nuair atáthar ag baint le deis a thabhairt do na traonaigh éalú leo le linn na bainte.

Féadfar an t-imeall seo a bhaint uair ar bith ón 15 Meán Fómhair, mura dtiteann an dáta bainte don mhóinéar iomlán ar an 15 Meán Fómhair agus sa chás sin ní mór na himill a fhágáil 24 uair an chloig eile ar a laghad. D’fhéadfaí na himill a fhágáil gan baint an bhliain dár gcionn, más mian sin, ach ba chóir iad a bhaint an dara bliain. Is féidir mionathrú a chur le leithead ceapa atá an-chaol i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) nó a cuid gníomhairí.

Luathchlúdach/Clúdach Déanach

Ní mór don phleanálaí a chinntiú agus an phlean á dhréachtadh go mbíonn líon limistéir clúdaithe sa chuid ainmnithe den fheirm, atá á mbainistiú ionas go mbeidh siad faoi fhásra ard luibheanna (m.sh. neantóga, giolcacha, peirsil bhó, feileastram ach ní féidir crainn nó toir a bheith ann).

Is féidir na limistéir chlúdaigh a bhaint ag an am céanna leis an gcuid eile den mhóinéar.



Aguisín 1

Tógfair ithirshampla agus déanfar anailís air de réir Sceideal 1 de SI 610 2010.

Tá an nós imeachta maidir le hithirshampla leagtha amach thíos.

(a) Ní sháróidh an limistéar samplála 4 heicteár. Go heisceachtúil, sa chás go raibh cineálacha na hithreach agus curaíocht na dtailte comhchosúil le cúig bliana anuas, measfar achar samplach suas le 8 heicteár a bheith inghlactha.

(b) Tógfair samplaí ar leithligh ó limistéir ina bhfuil cineál na hithreach, curaíocht stairiúil roimhe seo, fána, draenáil difriúil nó ina bhfuil droch-thorthaí leanúnacha.

(c) Seachnófar paistí neamhghnácha ar nós sean-fhálta, díoga, trachanna óil, paistí aoiligh nó fuail nó áiteanna ina raibh leasachán nó aol carntha nó doirte.

(d) Ní thógfair sampla páirce ar mhaithe le fosfar go dtí 3 mhí tar éis an leasacháin deiridh ina bhfuil an cothaitheach seo (ceimiceach nó orgánach) a chur amach.

(e) Leanfar an patrún samplála atá ar taispeáint san fhíor thíos. Tógfair croíleacán na hithreach go dtí doimhneacht iomlán 100mm. Tógfair 20 croíleacán ón limistéar samplála agus cuirfear isteach san umar ithreach iad leis an sampla a dhéanamh suas. Déantar cinnte go bhfuil an t-umar lán le hithir.

(f) Scríobhfar/greamófar uimhreacha na páirce agus an tsampla ar an umar ina bhfuil an ithir.

Fíor 1: Patrún samplála

